

SÁRMHAITHÉAS TRÍD AN
OIDEACHAS AGUS OILIÚINT

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí
*Laois and Offaly
Education and Training Board*

TUARASCÁIL BHLIANTÍÚIL 2015

www.loetb.ie



loetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí
*Laois and Offaly
Education and Training Board*

Réamhrá an Chathaoirligh

Is mór an pléisiúr dom fáilte a chur roimh Tuarascáil Bhliantúil 2015 thar ceann Bhord Oiliúna Laoise & Uíbh Fhailí (BOO). Leagtar amach sa tuarascáil seo an chaoi ar éirigh leis an eagraíocht ár ról atá aitheanta i measc an phobail mar sholáthraí d'oidreachas agus do dheiseanna Oiliúna atá ar ard-chaighdeán, atá bunaithe go háitiúil agus atá ar fáil go héasca do gach aoisghrúpa. Is iad riachtanais ár mac léinn croílár na seirbhísí a chuirimid ar fáil agus is ar an mbonn sin a dhíreoidimid ar riachtanais oidreachais agus Oiliúna atá ag síorathrú as seo amach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na hiarbhaill, leis na baill atá ann faoi láthair agus leis an bhfoireann a d'oibrigh chomh díograsach chun a chinntiú go raibh aistriú na heagraíochta go dtí an sainchúram níos leithne na mBord Oiliúna agus Oiliúna chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil don cheantar Laois agus Uíbh Fhailí.

Ba mhaith liom gach ball do BOO Laoise agus Uíbh Fhailí, an Príomhfheidhmeannach Seosamh Ó Cuinneagáin agus a fhoireann fheidhmeannach a thréaslú as ucht a gcuid oibre crua agus as a dtiomantas. Guím gach rath orthu as seo amach.



An Comhairleoir Liam Ó Coinn

Cathaoirleach



Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Is mór an pléisiúr dom Tuarascáil Bhliantúil 2015 BOO Laoise agus Uíbh Fhailí a chur ós bhur gcomhair. Leis an tuarascáil seo tugtar deis dúinn machnamh a dhéanamh ar an raon cuimsitheach gníomhaíochtaí atá ar siúl ag scoileanna, ag Ionaid agus ag seirbhísí trasna Laoise agus Uíbh Fhailí le linn 2015. Leagtar amach sa tuarascáil gnéithe oibre an BOO a bhaineann le hairgeadas, le soláthar, le hacmhainní daonna agus le rialachas corparáideach don tréimhse seo. Níor tháinig aon athrú le linn 2015 ar dhíriú na heagraíochta agus muid ar ár ndícheall deiseanna oideachais agus Oiliúna feadh an tsaoil den chéad scoth a sholáthar dár gcomhphobail ar fud Laoise agus Uíbh Fhailí. Is léiriú ar rathúileacht leanúnach ár gcuid oibre é go bhfuil líon na mac léinn atá ag freastal ar ár scoileanna, ar ár nIonaid Bhreisoideachais agus Oiliúna ag méadú i gcónaí.

Tríd is tríd, is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le:

- Cathaoirleach agus Baill bhoird BOO Laoise agus Uíbh Fhailí as ucht an iliomad slí ina chomhoibrigh siad go gníomhach gnó na heagraíochta a chur chun cinn le linn 2015;
- Baill na mBord Bainistíochta agus le coistí ón BOO a thugann a gcuid ama go fial chun obair an Bhoird a chur chun cinn;
- Bainistíocht agus foirne ár scoileanna, ionad, seirbhísí agus ár n-oifigí riaracháin as ucht a dtiomantas, a ndíograis agus a ndílseacht leanúnach

Mar fhocal scoir, ba mhian liom aitheantas a thabhairt do bhaill foirne a d'oibrigh linn le fada an lá agus atá ag dul ar scor agus guím sláinte is sonas orthu don toadhchá. Tá BOO Laoise agus Uíbh Fhailí fíorbhuíoch díobh as ucht an tseirbhís ghairmiúil tiomanta don eagraíocht.

Príomhfheidhmeannach

CLÁR

MÍR 1

Bord Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí PG. 6

Ráiteas Misin	6
Baill an Bhoird	7
Suíomhanna	8

MÍR 2

Scoileanna Meánleibhéal PG. 10

Ardscóil Chiaráin Naofa	12
Coláiste Bheannchair – Coláiste na Sionna	13
Coláiste Chluain na Slí	14
Coláiste Naomh Cormac	15
Coláiste Pobail Oaklands	16
Coláiste Phortlaoise	17
Coláiste Naomh Fhearghail	19
Coláiste Thulach Mhór	21

MÍR 3

Cláir agus Seirbhísí Bhreisoideachais PG. 22

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhainistir na Laoise	24
An tSeirbhís um Threoir agus um Eolas san Oideachas	
Aosach (AEGIS)	25
Seirbhís um Litearthacht d'Aosaigh	26
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bheannchair	29
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhorra	31
Ionad um Oideachas Allamuigh Bhorra	32
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Chlóirtheigh	33

Seirbhís Oideachais Pobail	36
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Éadan Doire	37
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhóinteach Mílic	39
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Chúil an tSúdaire	41
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Phortlaoise	42
Ionad um Oideachas Ógrais Phortlaoise	43
Ionaid Oideachais na bPríosún	45
Seirbhísí Traenála	46
Ionad Breisoideachais agus Thulach Mhór	51

MÍR 4

Seirbhísí don Aos Óg PG. 53

Seirbhísí um Obair don Aos Óg	54
Scéim na gClubanna Óige Áitiúla	55

MÍR 5

Struchtúr agus Rialachas na hEagraíochta PG. 57

Rialachas Corparáideach	58
-------------------------	----

MÍR 6

Riarachán PG. 61

Struchtúr na hEagraíochta	62
Oifigí Riaracháin	62
Tuarascáil Airgeadais	63
Tuarascáil Acmhainní Daonna	77



MÍR 1

Bord Oiliúna agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (BOOLUF)

R Á I T E A S M I S I N

Seirbhís Oideachais agus Oiliúna atá cuimsitheach agus bríomhar a sholáthar a chuirfidh agus Uíbh Fhailí barr a gcumais a bhaint amach agus a chuirfidh le saibhreas a gcomhphobal.

Baill an Bhoird



Cheap Bord Oiliúna agus Traenála Laoise Uíbh Fhailí Bord 21 Ball de réir CUID 3 (Comhaltas Bord Oideachais agus Oiliúna) den ACHT UM BOIRD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA, 2013.

D'fhreastal a leanas mar bhaill de Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí in 2015.

Baill an Údaráis Áitiúil

An Comh. Seán Ó Cearúill
 An Comh. Éamonn Ó Dúlaoich
 An Comh. Sinéad Ní Dhúlaoich
 An Comh. Caroline Ní Dhuáin-De Stainleigh
 An Comh. Caitrín Nic Gearailt
 An Comh. Éadbhard Mac Gearailt
 An Comh. Seán Mac Conraoi
 An Comh. Jerry Lodge
 An Comh. Paschal Mac Fhíobhuí
 An Comh. Carol Ní Nualláin
 An Comh. Liam Ó Cuinn, Cathaoirleach
 An Comh. Maire Nic Suibhne

Ionadaithe na Foirne

An Bn. Uas. Bébhinn Ní Chianáin
 An tUas. Donnchadh Maingeir

Ionadaithe na dTuismitheoirí

An Bn. Uas. Máire Mac Coitir-Ní Bhreacain
 An tUas. Deaglán Mac Coisteala

Ionadaithe an Chomhphobail


An Bn. Uas. Mallaidh Ní Bhuachalla
 An Bn. Uas. Áine Starling
 An tUas. Prionséas Mac Gabhann
 An Bn. Uas. Maura De Bróithe
 An tUas. Seosamh Mac Tomáis



loetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí
Laois and Offaly
Education and Training Board

Suíomhanna



LAOISE

Port Laoise:	Oifigí Riaracháin Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Phortlaoise Ionad Oideachais an Óige Phortlaoise Ionaid Oideachais Phríosún Lár-Tíre Ionaid Oideachais Phríosún Phortlaoise Coláiste Phortlaoise
Cluain na Slí:	Coláiste Chluain na Slí
Mainistir na Laoise:	Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhainistir na Laoise
Cúil an tSúdaire:	Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Chúil an tSúdaire
Móinteach Mílic:	Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhóinteach Mílic
Ráth Domhnaigh:	Coláiste Naomh Fhearghail Ráth Domhnaigh

UÍBH FHAILÍ

An Tulach Mhór:	Oifigí Riaracháin Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Tulach Mhór Coláiste Thulach Mhór
Clóirtheach:	Ard Scoil Chiaráin Naofa, Clóirtheach
Cill Chormaic:	Coláiste Naomh Cormac, Cill Chormaic
Éadan Doire:	Coláiste Pobail Oaklands Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Éadan Doire
Beannchar:	Coláiste Bheannchair – Coláiste na Sionna
Mount Lucas:	Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bheannchair
Biorra:	IOA Bhiorra Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhiorra



MÍR 2

Scoileanna Dara Leibhéal

Scoileanna

Linda Ni Theimhneáin , Stiúrthóir na Scoileanna, Oifigí Riaracháin BOOLUB, Bóthar an Iomaire, Port Laoise, Co. na Laoise Teileafón: (057) 8671316 Ríomhphost: Itynan@loetb.ie

Soláthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Laois Uíbh Fhailí seirbhísí oideachais in Ocht gColáiste Phobail sa dá chontae. Is scoileanna comhoideachais ilchreidmheacha iad go léir atá ionchuimsitheach do gach dalta. Tacaítear le páistí chun barr a gcumais idir phearsanta agus acadúil a bhaint amach.

Tá clár an Teastais shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta ar fáil chomh maith leis an idirbhliain, an clár um an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta. I measc na seirbhísí eile tá gairmthreoir, gníomhaíochtaí spóirt, díospóireacht, nascadh scoile agus turais oideachasúla. Tá raon leathan de chúrsaí iar-ardteistiméireachta ar fáil ag Coláiste Phortlaoise, Coláiste an Tulach Mhór agus ag Coláiste Bheannchair. Bíonn Clár Críochnaithe Scolaíochta (CCS) a riaradh ag BOOLUF chomh maith. Tá an CCS freagrach as luathfhágáil scoile ionchasacha a aithint agus iad a leanúint agus as tacaíochtaí a chur ar fáil chun luathfhágáil a sheachaint.

SCOILEANNA BOOLUF

Ardcoil Chiaráin Naofa, Clóirtheach

Coláiste Bheannchair – Coláiste na Sionna

Coláiste Chluain na Slí – Coláiste Chluain na Slí

Coláiste Naomh Cormac, Cill Chormaic

Coláiste Pobail Oaklands, Éadan Doire

Coláiste Phortlaoise

Coláiste Naomh Fhearghail, Ráth Domhnaigh

Coláiste Thulach Mhór



loetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí
Laois and Offaly
Education and Training Board

Árd Scoil Chiaráin Naofa, Clóirtheach

Ard Scoil Chiaráin Naofa, Sráid
Frederic, Clóirtheach, Co. Uíbh Fhailí

Teil: 057 9331231

Ríomhphost: secretary@ascnclara.com

Príomhoide: Roger Mac Eochagáin

Leas-Phríomhoide: Miriam Ní Ící

Rollachán 2014/2015: 231

Rollachán 2015/2016: 251

Curtha i gcrích in 2015:

- Faomhadh cóiríocht bhreise don scoil agus bunaíodh “Ionad na Brosnaí”- Rang speisialta chun freastal ar dhaltaí a bhfuil diagnóis NSU acu.
- Thosaigh an scoil ceaintín nua i gcomhpháirt le “The School Food Company” ionas go mbeadh rogha bia te agus folláin ar fáil do dhaltaí.
- Bhí Seachtain Bhia folláin agus Aclaíochta ar siúl sa scoil agus lean an scoil leis an sprioc gradam “Scoil a chuireann an tSláinte chun cinn” a bhaint amach.
- Bhí seachtain litearthachta sa scoil ón 16 Nollaig go 22 Nollaig 2015.
- Bhí méadú leanúnach ar rollachán na scoile agus lean an scoil le blaiseadh ábhar do dhaltaí na chéad bhliana.
- Bhí an-rath le Geamaireacht na scoile.
- Lean an scoil le rath a bhaint amach i raon gníomhaíochtaí spórtúla agus seach-churaclaim idir peil, galf, galf dhá mhaide, badmantan, sacar, óráidíocht phoiblí agus díospóireacht.
- Bhí an-tioncail i gcónaí ag Sky Sports ‘Living for Sports Programme’ rannpháirtíocht agus ar ar inspreagadh na ndaltaí.
- Scoileanna Glasa – Bhaineamar an dara bratach ghlas amach.
- Turas scoile rathúil go Páras
- Thosaíomar ar “Aip Scoile” agus rinneamar uasghrádú ar ár suíomh gréasáin.

Coláiste na Sionna

Coláiste na Sionna, Beannchar,
Co. Uíbh Fhailí

Teil: 057 9151323

Ríomhphost: admin@bccns.ie

Príomhoide: Paidí De Scéalas

Leas-Phríomhoide: Caoimhín Mac Shiúrtáin

Rollachán 2014/2015: 521, 11 CIA san áireamh

Rollachán 2015/2016: 537, 17 CIA san áireamh

Gradaim Bhliantúla – Deireadh Fómhair 2015:

Corn Uí Mháille (Ardteistiméireacht is fearr): Maire Eibhlín Nic Mathúna
Ardteistiméireacht Fheidhmeach: Eibhlín Nic Aodhagáin, Evan O Gionnáin
Gradam Tógála: Eoghan Ó Floinn
Gradam Innealtóireachta: Stiofán Ó Dúláin
Gradam Valerie Hayes: Rónán de Buitléir
Corn Uí Chéitinn (mata - an chéad bhliain): Saoirse
Ní Lorcáin, Ciarán Mac Cathmhaoil
Gradam Pre-Cast Bheannchair: Rónán Mac Aodha, Aaron Ó Dálaigh
Teastas Sóisearach is fearr: Seán Hanamy & Andrea Teresova
Gradam na hidirbhliana (Corn uí Chinnéide): Leah
Ní Fhlannabra & Deirdre Ní Chearbhail
Dalta athdhéanta na hardteistiméireachta: Yvonne Ní Riain, Laura Ní hÉilí
Dalta C.I.A na bliana: Conor Ó Lionaird
Seach-churaclaim: Áine Ní Dhálaigh & Marc Ó Baíollain

Curtha i gcrích in 2015:

- Turas malartach na mac léinn go St Johns College, Darwin, An Astráil.
- Turas go Páras leis an dara bliain.
- Tráth na gceist eagraithe ag Coiste na dTuismitheoirí.
- Díolachán Ciste Sodexo na Foirne
- Labhair SOAR agus Conor Cusack caint do thuismitheoirí

Taispeántas Gairmeacha agus Coláistí:

Bhí a chéad taispeántas Gairmeacha agus Coláiste ag Coláiste na Sionna an 10 Samhain 2015. Bhí an-rath air le thart ar 500 duine i láthair agus thart ar 100 taispeántóir ann. Bhí 45 seastán idir na hOllscoileanna móra go léir, na ITeanna agus na coláistí breisoideachais. Bhí ionadaithe ón Airm agus An Garda Síochána i láthair chomh maith le LIDL, Scoil Gruagaireachta Allure, agus cothabháil IT NIS. Thug Banc na hÉireann agus Comhar Creidmheasa Bheannchair comhairle ar iasachtaí do mhic léinn. Comhuaineach leis an taispeántas bhí trí chaint ar siúl agus an-fiúntas ag baint leo. I measc na gcainteanna bhí:

1. Iarratas a chur isteach ar dheontas tríú leibhéal: Máire Ní Chonaill, BOOLUF.
2. An t-aistriú ó iar-bhunscoil go tríú leibhéal: Cáit Ní Mhistéil, OE Má Nuad.
3. Treoir ar conas suíomhanna gréasáin do ghairmeacha a úsáid go héifeachtúil: Tairseach na nGairmeacha.



loetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí
Laois and Offaly
Education and Training Board

Coláiste Chluain na Slí

Coláiste Chluain na Slí,
Cluain na Slí, Co. Laoise

Príomhoide: **Nóirín Nic Suibhne**
Leas-Phríomhoide: **Seán Ó Laoi**

Teil: **057 8648044**

Ríomhphost: **clonvs.ias@eircom.net**

Rollachán 2014/2015: **264**

Rollachán 2015/2016: **273**

Bainte amach in 2015:

- Sár-torthaí sa Teastas Sóisearach agus san Ardteistiméireacht. 555 pointe na pointí ba mhó san Ardteistiméireacht. Chuaigh 76% de na daltaí ar aghaidh go hoideachas tríú leibhéal.
- Fuair dalta an teastais shóisearaigh 10 A i bpáipéir ardleibhéal
- Ainmníodh dalta le haghaidh Ghradam Innealtóireachta Náisiúnta na hArdteistiméireachta.
- Bhuaigh an scoil a dara bratach ómrach le haghaidh sláinte intinne dhearfach.
- Turas bitheolaíochta go Gaillimh do dhaltaí na hArdteistiméireachta.
- Seoladh réamheolaire chuig na scoileanna náisiúnta go léir roimh Lá Oscailte na Scoile
- Bhí Lá Oscailt ag an scoil agus cuireadh tugtha do na scoileanna náisiúnta cuairt a thabhairt uirthi.
- Bhí oíche oscailte ag an scoil a thug deis do thuismitheoirí cuairt a thabhairt ar an scoil agus daltaí a chlárú.

Coláiste Naomh Cormac

Coláiste Naomh Cormac,
Cill Chormaic, Co. Uíbh Fhailí

Teil: 057 9145048
Ríomhphost: mail@cnckilcormac.ie

Príomhoide: Briain Mac Eochaidh
Leas-Phríomhoide: Victoria Ní Choinneáin

Rollachán 2014/2015: 212
Rollachán 2015/2016: 170

Rathúileacht sna Scrúduithe:

Baineadh sár-torthaí amach sa Teastas Sóisearach agus san Ardeistiméireacht.

Cigireacht Ábhar:

Bhí cigireacht leantach ón MSU 1n 2012 ag an scoil. Tríd is tríd bhí an tuairisc an-dearfach don scoil agus dul chun cinn suntasach déanta i leith na gceisteanna a d'eascair ón tuairisc.

Buaicphointí/Imeachtaí 2015:

- D'imir an fhoireann bhadmantan i gcluiche ceannais na hÉireann agus craobh Laighean bainte amach acu ar an tslí.
- Bhuaigh grúpa daltaí na heolaíochta talmhaíochta craobh a gcatagóra i gcomórtas sábháilteacht feirme an USS.
- Bhuaigh foireann Chamógaíochta faoi 14 Craobh Laighean.
- Ba é grúpa cheol traidisiúnta na scoile an t-aon ghrúpa as Uíbh Fhailí i mbabhtá ceannais chomórtas ceoil Siamsa Ghael Linn.
- D'eagraíomar ár Lá Oscailte Bliantúil do lucht na chéad bhliana don bhliain seo chugainn.
- Eagraíodh rith carthanais 5km ar son clinic do Ghortú Inchinne "Teach Fáilte" i gCnocán Bhólais.



loetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí
Laois and Offaly
Education and Training Board

Coláiste Pobail Oaklands, Éadan Doire

Coláiste Pobail Oaklands, Bóthair Naomh
Mhuire, Éadan Doire, Co. Uíbh Fhailí

Teil: 046 9731573

Ríomhphost: secretary@oaklandscs.ie

Príomhoide: Gearóid Ó Conghaile
Leas-Phríomhoide: Risteard Ó Murchú

Rollachán 2014/2015: 589

Rollachán 2015/2016: 653

Bainte amach in 2015:

- Méadú ar rollachán, breis is 60 dalta.
- Cóiríocht bhreise: 1 Seomra Foirne
 - 1 Seomra Tíos
 - 1 Saotharlann Eolaíochta
 - 4 sheomra ranga
- Cigireacht DEIS: Tuairisc an-dearfach
- Cigireacht ábhair: Tíreolaíocht.
- Leanamar ag comhoibriú le Scoil Teangacha an tSeandúin agus beirt daltaí malairte ón Spáinn san idirbhliain.
- D'eagraigh daltaí an 5ú bliain AF agus na hidirbhliana Seachtain na Sláinte agus an tSonais ó 2 go 6 Márta agus bhí an-rath uirthi arís.
- Bhuaigh beirt daltaí na hArdteistiméireachta feidhmí gradam "Sweetman Trust" don dara bliain.
- Bhí Aonach na nGairm ar siúl sa scoil an 21 Eanáir 2015. Thug daltaí ó bhliain 3 go bliain 6 agus a dtuismitheoirí cuairt ar an iliomad seastán a bhí ann ar an oíche. Ina measc bhí seastáin ó IT Áth Luain, Ollscoil Mhá Nuad, Coláiste Gnó an Mhóta, Coláiste Gruaige agus Áille Sharon Leavy agus Coláiste Oiliúna Naomh Pádraig Droim Conrach. Bhí ionadaithe ann ó chomhlachta ar nós Teagasc, Bord na Móna chomh maith le Smart Futures.
- Ghlac ceithre fhoireann de chuid Coláiste Pobail Oaklands, Éadan Doire i gcluichí ceannais "F1 in schools" a bhí ar siúl i Coláiste Uí Ghrifín, Baile Átha Cliath.
- Ghlac seasca cúig dalta páirt i nDúshlán Gaisce Cré Umha an Uachtaráin

Coláiste Phort Laoise

Coláiste Phortlaoise, Bóthar Mhaighean
Rátha, Port Laoise, Co. Laoise

Príomhoide: Nollaig Ó Dálaigh
Leas-Phríomhoide: Pádraigín Ní Chuillinn

Teil: 057 8621480

Ríomhphost: info@portlaoiscollege.ie

Rollachán 2014/2015: 707, 360 CIA san áireamh

Rollachán 2015/2016: 752, 363 CIA san áireamh

Bainte amach in 2015:

Ábhair/Cláir nua a cuireadh tús leo Meán Fómhair 2015:

- Eolaíocht Talmhaíochta
- Gearmáinis
- Teicneolaíocht Innealtóireachta
- L6 Gruagaireacht (ceirdeanna sinsearachta)

Rathúileacht sna Scrúduithe 2015:

- Baineadh sár-torthaí amach sa Teastas Sóisearach agus san Ardteistiméireacht
- Chuaigh 68% do dhaltaí na hArdteistiméireachta ar aghaidh go coláiste tríú leibhéal
- Fuair 60 de dhaltaí CIA teastais iomlána.

Feabhas ar/Cur le Foirgnimh Meán Fómhair 2015:

- An príomhscoil athphéinteáilte
- Seomra ranga eolaíochta nua
- Suíocháin nua inmheánacha do dhaltaí
- Uasghrádú ar an rang GDC
- WIFI breisithe
- Ceapacha bláthanna breise ar thailte na scoile
- Limistéir thaisceadán do dhaltaí na chéad bhliana

Éachtaí Spóirt/Tiomsú Airgid/Turais Allamuigh srl:

- Ghlac breis is 60 idir aisteoirí agus fhoireann páirt i gceoldráma na scoile “Summer Nights”
- Chuir an scoil seachtain feasachta na gColáistí ar siúl
- Ghlac daltaí an dar bliain páirt sa tionscadal “Coláiste do gach dalta”
- Chuaigh lucht na chéad bhliana ar thuras scátála oighir go Dún Droma.
- Chuaigh daltaí Staidéir Ghnó na chéad bhliana go dtí an Gairdín Seacláide sa Tulach.
- Ghlac daltaí na chéad bhliana páirt i Milliúnaí na bhFocal agus léigh siad níos mó na milliún focal eatarthu.
- Ghlac daltaí páirt i gcomórtas Poetry Aloud
- Chuaigh daltaí na hidirbhliana ar thuras nasctha in Acaill.
- Chuaigh daltaí na hidirbhliana ar thuras cultúrtha go Baile Átha Cliath.
- Thug grúpa Fiontair na hIdirbhliana cuairt ar na Cúirteanna Coiriúla.
- D’eagraigh daltaí gnó Aonach Ceardaíochta na Nollag a raibh 45 stáinín páirteach ann.
- Ghlac daltaí tís ón dara bhliain páirt i mbabhta ceannais de chomórtas cócaireachta an Chumann Rotary.



- Ghlac beirt daltaí ón Idirbhliain páirt i gComórtas na nEolaithe Óga lena dtionscadal ar mhionsarú málaí plaisteacha in-bhithmhille.
- Ghlac daltaí páirt i gceardlann idirghníomhach ar eolaíocht fhóiréinseach.
- Bhuaigh Eryk Pilat an Gradam Sármeasa um Fheabhas sa Scrúdú Stáit i Staidéar Gnó an Teastais Shóisearaigh.
- Bhuaigh Agnieszka Czerwik scoláireacht BOOLUf chun freastal ar Choláiste Francach le linn an tSamhraidh.
- D'éirigh le daltaí na hIdirbhliana duais bhuaiteoirí iomlána a bhuanachan sa chraobh náisiúnta, rannóg Eicifhiontair de Gradam Comhshaoil na nÓg de chuid EOECA.
- D'óstail Coláiste Phortlaoise ceardlann ETIM do dhaltaí bhunscoile agus d'éirigh go hiontach léi.
- Thiomsaigh daltaí €1600 d'Fhondúireacht Dhónaill Breathnach trí rith/siúlóid 5k a eagrú.
- Fuair Coláiste Phortlaoise an gradam "Scoil Iomráiteach an 21ú Aois" ó Choláiste na Tríonóide in onóir ár gcuid oibre leis an gclár "Coláiste do gach Dalta" (CFES).
- Chuaigh daltaí staire an dara bhliain ar thuras go Músaem Náisiúnta na hÉireann agus go dtí Bearic Uí Choileáin i mBaile Átha Cliath.
- Chuaigh daltaí staire na chéad bhliana ar thuras pluaiseanna Dhún Mhóir i gCill Chainnigh agus go dtí an Pháirc Oidhreacha Náisiúnta i Loch Garman.
- Turas dhaltaí Staidéar Gnó go Maidrid.
- Turas bliantúil Gníomhaíochtaí Allamuigh na chéad bhliana go Cairlinn.
- Chuaigh cúigear múinteoirí agus cúig dhalta dhéag ar thuras go dtí an Ghaimbia i mí Feabhra.
- Cailíní Sinsearacha B – Seaimpíní Eitpheile na hÉireann.
- An Chéad bhliain mheasctha – Seaimpíní Spikeball na hÉireann.
- An dara bliain mheasctha – Iomaitheoirí i mBabhta Leathcheannais Eitpheile na hÉireann.
- Peil na mBuachaillí faoi 14 – Iomaitheoirí sa Chluiche Ceannais.

Bolscaireacht don scoil i rith 2015:

- Ta múinteoir freagrach as ailt seachtainiúla a sheoladh chuig na nuachtáin áitiúla.
- Ta suíomh gréasáin ag an scoil chomh maith le cuntas Twitter agus leathanach Facebook.
- Tugtar cuireadh chuig Searmanas Gradam Dheireadh na Bliana chuile bhliain d'Aíonna Oinigh Speisialta.
- Bíonn nuachtlitir foilsithe ag an scoil dhá uair in aghaidh na bliana freisin do thuismitheoirí agus do dhaltaí.
- Déantar go leor bolscaireachta maidir le Oícheanta Oscailte um Bhreisoideachais agus um Oideachas ag an dara leibhéal.
- Tugtar cuairteanna ar go leor iar-bhunscoileanna roimh an Oíche Oscailte um Bhreisoideachais agus ar bhunscoileanna roimh ár n-Oíche Oscailte don dara leibhéal.

Coláiste Naomh Fhearghail, Ráth Domhnaigh

Coláiste Naomh Fhearghail, Ráth
Domhnaigh, Ráth Domhnaigh, Co. Laoise

Teil: 0505 46357

Ríomhphost: admin@stfergalscollege.com

Príomhoide: Áine Ní Néill
Leas-Phríomhoide: Seán Ó Conraoi

Rollachán 2014/2015: 272

Rollachán 2015/2016: 272

Bainte Amach in 2015:

Acadúil:

- Fuarthas tuairisc an MSU a tharla i mí na Nollag 2014. Moladh an scoil go hard as ucht a cuid oibre go hairithe maidir le folláine na ndaltaí a chur chun cinn agus le húsáid modheolaíochtaí nua múinteoireachta. Thairis sin luadh atmaisféar dearfach na scoile agus ionchais arda na múinteoirí dá ndaltaí.
- Torthaí na hArdteistiméireachta: Fuair 11 dalta os cionn 400 pointe agus ina measc fuair beirt breis is 500 pointe. Sháraigh 14 eile an méanmharc náisiúnta 300 pointe (52 ar an iomlán) agus fuair gach duine as 48 cúig phas ar a laghad.
- Torthaí an Teastais Shóisearaigh: Fuair 11 dalta 10 n-onóir ag ardleibhéal agus bhain 8 daltaí 9 n-onóir amach. Sár-thorthaí ar an iomlán.
- Tharla cigireacht theagmhasach an 10 Samhain. Rinne ab Bn. Uas. Linda Ramsbottom cigireacht ar chearta múinteoirí thar cúig rang. Ar an iomlán bhí a tuairisc an-dearfach. Dúirt sí go raibh an mhúinteoireacht a chonaic sí idir” go maith, go han-mhaith agus go raibh roinnt samplaí de chleachtas den scoth.” Rinne sí tagairt do TFE agus don chaoi is atá sí fite fuaite leis na ceachtanna agus nach raibh úsáid iomarcach ann. Thagair sí do na daltaí agus cé chomh lách is a chaith siad léi, do cé chomh geal is ata an scoil agus do shaothar ealaíne na ndaltaí ata crochta ó na ballaí.

Spórt:

LÚTHCHLEASAÍOCHT

- D'éirigh go han-rathúil leis an bhfoireann lúthchleasaíochta ag craobh Laighean Theas agus go leo bonn bainte amach.
- Cháiligh beirt daltaí do Chraobh Laighean: Luke Herke agus Darren Ó Buaigh. Chríochnaigh Luke Kerke an rás trastíre sa cheathrú áit.
- Bhuaigh foireann sealaíochta na mBuachaillí Sinsearach an bonn cré-umha i gComórtas na Scoileanna Laighean Theas ach ní raibh siad in ann páirt a ghlacadh i gComórtas Laighean toisc go raibh ceangail spóirt eile orthu.



CAMÓGAÍOCHT

- Bhí ochtar dalta reatha ar fhoireann na Laoise a bhuaigh Bliots Camógaíochta na hÉireann faoi 14 i mí Mheán Fómhair.
- Bhí beirt dár ndaltaí reatha, Sorcha Craobhach agus Niamh Coss, ar fhoireann Chamógaíochta na Laoise a bhain Craobh na hÉireann amach in éineacht le cúigear eile dár n-iardhaltaí.

IOMÁNAÍOCHT

- Bhuaigh foireann na chéad bhliana Bliots Scoileanna Laoise. Liam Ó Néill iar-Uachtarán CLG a bhronn na boinn.
- Bhí ceathrar dár ndaltaí reatha, Robbie Ó Faoláin, Lee de Cléir, Jordan Caomhánach agus Briain ar fhoireann na Cloiche/Bhaile Cholla a bhain Craobh Cho. Laoise amach in éineacht le go leor iardhaltaí.

Gníomhaíochtaí eile:

- Bhí ceardlanna drumadóireachta ar siúl sa scoil an 16 Márta.
- Lá an Cheoil, an 26 Márta. d'fhreastal daltaí bunscoile ar roinnt ceardlann agus taibhithe a rinne ár ndaltaí.
- Bhuaigh foireann díospóireachta na scoile Craobh Scoileanna Laoise den chéad uair.

Tuismitheoirí:

- Bhí CCB Chomhairle na dTuismitheoirí ar siúl ag 8.00in an 24 Meán Fómhair. Toghadh na baill nua an 20 Deireadh Fómhair.
- Bhí Seimineár Frithbhulaíochta do Thuismitheoirí tugtha ag “Sticks & Stones” sa scoil an 20 Deireadh Fómhair.
- Ritheadh clár tuismitheoireachta “Triple P”: “Déagóirí Inniúla a Thógáil” gach oíche Máirt ar feadh 4 seachtaine. Díríodh ar thuismitheoirí Bhliain 1 agus Bhliain 2 agus d’fhreastal 30 tuismitheoir air.

An Comhphobal:

- Bí “Revive rathdowney EXPO” ar siúl i seomra ilfhóinteach na scoile agus san fhorsheomra Aoine an 10 agus Satharn an 11 Deireadh Fómhair.
- Thosaigh rang oíche TE d’fheirmeoirí an 9 Samhain agus lean sé ar aghaidh ar feadh 5 seachtaine. Chomhordaigh Marion Ní Rathaille é mar chuid de chlár “Scileanna Chun Oibre”..

An Foirgneamh:

- Cuireadh díon nua ar an bpríomhfhoirgneamh agus rinneadh roinnt deisiúchán ar dhíon an tseanfhoirgnimh.
- Chuir “The School Food Company” cistin cheaintín nua isteach i seomra ar thaobh amháin den seomra ilfhónteach le linn laethanta saoire an tsamhraidh. Ta antóir uirthi mar go gcuireann siad béim ar roghanna bia folláin a sholáthair.

Coláiste Thulach Mhór

Coláiste Thulach Mhór
An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí

Príomhoide: Éamonn Mac Fhíodhbhuí
Leas-Phríomhoide: Beatrice Ní Choirc

Teil: 057 9321677

Ríomhphost: admin@tullamorecollege.ie

Rollachán 2014/2015: 569, 14 CIA san áireamh

Rollachán 2015/2016: 581, 8 CIA san áireamh

Bainte amach in 2015:

- Buaiteoirí reigiúnda SciFest sa chatagóir “An Scoile Is Fearr” don dara bliain as a cheile.
- Ta tógáil na scoile nua faoi lán seoil.
- Buaiteoirí Náisiúnta sa Chatagóir Sóisearach Comórtas Ambasáid na Fraince – Alliance Française Francophonie Ar-Líne.
- Buaiteoirí sa Chatagóir Sóisearach i gCraobh Náisiúnta d’Eacnamaí Óg na Bliana 2015 a bhí ar siúl inniu in OE Mhá Nuad.
- Bhain Dylan Cuskelly an toradh is fearr amach i Teicneolaíocht Ábhar Miotal Ardchúrsa sa Teastas Sóisearach.
- Ghlac ár stairithe óga páirt sa Chomórtas Oidhreacht a bhí á reáchtáil ag Ionad Oideachais Laoise. Bhain Aoife Ní Mhaoláin an chéad duais amach a gcomórtas na nAistí.
- Bhuaigh ár bhfoireann chispheile Cadette an craobh réigiúnach.
- Fuair Coláiste Thulach Mhór aitheantas mar “Scoil a Chothaíonn Sláinte” agus Gradam Náisiúnta i bhfoirm Bhrataí Scoile bronnta orainn. Is muidne an chéad iar-bhunscoil i gCo. Uíbh Fhailí a fuair an gradam seo.
- Bhuaigh Jack Scully (1JA) agus Artur Stopka(2EMC) na babhtaí réigiúnacha den chomórtas Poetry Aloud ag Ionad Ealaíne An Mhuilinn Chearr
- D’aithin Coimisiún na Scrúduithe Stáit Tara Ni Dhálaigh agus Dylan Cuskelly mar ardghnóthachtálaithe bunaithe ar thorthaí a dTeastas Sóisearach sa Mhata agus san Eolaíocht i mbliana. Roghnaíodh Tara agus Dylan chun páirt a ghlacadh in Oilimpiad Eolaíochta Sóisearach na hÉireann.
- Tugadh cuireadh do bhuaiteoirí Chorn Domhanda SAGE Global buaileadh leis an Uachtarán Mícheál D. Ó hUiginn in Áras an Uachtaráin.
- Bhuaigh ár rang Idirbhliana an catagóir “Ag feabhsú ar gComhphobail” ag comórtas na Nuálaithe Sóisialacha Óga i mBaile Átha Cliath an tseachtain seo caite. Is iadsan a thiomsaigh an t-airgead ar feadh na bliana chun spórtlann aclaíochta allamuigh a thógáil don scoil.
- Bhuaigh foireann pheile shinsearach Choláiste Thulach Mhór craobh Laighean Thuaidh.



MÍR 3

Seirbhísí Breisoideachas agus Oiliúna

Seirbhísí Breisoideachas agus Oiliúna

Antóin Daltún, Stiúrthóir, Breisoideachas agus Seirbhísí Oiliúna

Teileafón: (057) 8621352 / (057) 9349424 Ríomhphost: tdalton@loetb.ie

Ofrálann Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise & Uíbh Fhailí raon cuimsitheach de chúrsaí, idir pháirtaimseartha agus staidéar lánaimseartha, ar féidir leanúint ar aghaidh le hardoideachas, le hoiliúint nó le fostaíocht. Is í aidhm na Seirbhísí Breisoideachas agus Oiliúna ná daoine fásta a theastaíonn uathu tuilleadh ar oideachas a spreagadh, a thacú agus iad a chumasú chun na deiseanna oideachasúla is fearr a oireann dá riachtanais a thapú.

In 2015, d'éirigh BOO Laoise & Uíbh Fhailí freagrach as iarsheirbhísí FÁS i gceantar Laoise & Uíbh Fhailí. Chuir sé seo go mór le raon na seirbhísí ata ar fail d'fhoghlaimeoirí in BOOLUF agus chuir sé go mór le torthaí leanúint ar aghaidh na bhfoghlaimeoirí ag gach leibhéal.

Leanann BOOLUF ag obair go dlúth le SOLAS, an Gníomhaireacht Náisiúnta um Phleanáil agus um Mhaoiniú, chun cláir agus seirbhísí a leasú agus iad a uasdátú chun cinntiú go bhfuil na deiseanna foghlama ar ardchaighdeán, go bhfuil fáil éasca orthu agus go bhfuil siad oiriúnach do riachtanais phearsanta, shóisialta, fostaíochta agus scileanna cheantar na Laoise & Uíbh Fhailí atá ag síorathrú.

IONAID BHREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA AGUS SEIRBHÍSÍ

Ofrálann BOOLUF raon iomlán de sheirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna ar fud na Laoise agus Uíbh Fhailí lena n-áirítear:

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhainistir na Laoise

An tSeirbhís um Threoir agus um Eolas san Oideachas Aosach (AEGIS)

Seirbhís um Litearthacht d'Aosaigh

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bheannchair

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhiorra

Ionad um Oideachas Allamuigh Bhiorra

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Chlóirthigh

Seirbhís Oideachais Pobail

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Éadan Doire

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhóinteach Mílic

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Chúil an tSúdaire

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Phortlaoise

Ionad um Oideachas Ógrais Phortlaoise

Seirbhísí Oideachas Príosúin

Seirbhísí Traenála

Ionad Breisoideachais agus Thulach Mhór

Seirbhísí um Obair don Aos Óg



Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhainistir na Laoise

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhainistir na Laoise,
Bóthar Mhaighean Rátha, Mainistir na Laoise, Co. Laoise.

Teagmháil: Helen Caomhánach Teil: 057 8731127 Rphost: abbeyleixfet@loetb.ie

Is bunchlár Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhainistir na Laoise í an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais agus tá 80 áit inti. Cláraíonn mic léinn VTOS do 7 gclár dhifriúla san Ionad.

In 2015 d'ofráil an tIonad faoin gclár CIA i réimsí an Ghnó, an Altranais agus na nEalaíon agus 70 ait ar fail. Is é Tionscnamh Filleadh ar Oideachais an tríú clár ata ar fail san Ionad. Tá sé dírithe go príomha ar theastasú agus ar dheiseanna leanúint ar aghaidh a chur ar fáil.

Mic Léinn:

Eanáir 215: 135

Meán Fómhair 2015: 130

Cúrsaí ar fáil:

An Ardteistiméireacht: 8 n-ábhar scrúdaithe agus TE

Gradaim Bhreisoideachais agus Oiliúna QQI

- Foghlaim Ghinearálta Leibhéal 4
- Margaíocht Dhigiteach Leibhéal 5
- Ealaíon, Ceardaíocht & Dearadh Leibhéal 5
- Riarachán Gnó Leibhéal 5
- Staidéir Altranais Leibhéal 5
- Ealaíon agus Gnó Leibhéal 6
- Cúram pobail Leibhéal 5
- Bainistíocht Ghnó Leibhéal 6
- Tacaíocht le Cúram Slaite Leibhéal 5
- Seirbhís do Chustaiméirí
- Rghnó Leibhéal 5
- Taithí Oibre

Creidiúnú:

- 8 dTeastas Comhpháirte ag Leibhéal QQI 4
- 6 Mhórdhámhnachtain ag Leibhéal QQI 4
- 25 Teastas Comhpháirte ag Leibhéal QQI 5
- 52 Mhórdhámhnachtain ag Leibhéal QQI 5
- 6 Theastas Comhpháirte ag Leibhéal QQI 6
- 24 Mhórdhámhnachtain ag Leibhéal QQI 6

Bainte Amach:

- Chruthaigh mic léinn na hEalaíne leibhéal 5 & 6 freascó i gcomhpháirt le Teach na Oidhreachta, Portach Mhainistir na Laoise agus Coiste na mBailte Slachtmhara. D'oibrigh speisialtóir freascó, Enrico Ferrarini arb as Florence dó, leis na mic léinn. Tá an saothar críochnaithe ar crochadh anois i dTeach na hOidhreachta i Mainistir na Laoise. Nochtadh é go hoifigiúil i mí an Mhárta 2015. Ceiliúrtar an baile mar a bhí fadó agus mar atá anois tríd an saothar.
- Bhá taispeántas ag mic léinn na hEalaíne leibhéal 5 & 6 in Ionad na nEalaíon Dhún Masc ón 7 Bealtaine – 13 Meitheamh 2015.
- Bhí taispeántas Fhilleadh ar Oideachais ar siúl i Leabharlann Mhainistir na Laoise an 2-5 Meitheamh 2015.
- Chríochnaigh na mic léinn tionscadal comhphobail i gcomhpháirt le Tionscadal Phortach Mhainistir na Laoise. Thionóil Chris Uyss (comhordaitheoir thionscadal an phortaigh áitiúil) roinnt cruinnithe le mic léinn na hEalaíne agus na Scileanna agus d'aontaigh gach mac léinn struchtúr aonair a thógáil roimh a d'oibrigh sé ar ghrúpastruchtúr don phortach. Mheall an tionscadal seo aird na tíre agus an cheantar áitiúil araon.

Imeachtaí Eile

• Laethanta Oscailte • Cainteoirí ó Choláistí • Gradaim Dheireadh na Bliana • Oíche Ghradam

An tSeirbhís um Threoir agus um Eolas san Oideachas Aosach (AEGIS)

UÍBH FHAILÍ

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thulach Mhór,
Urlár 3 Foirgnimh an Chaisleáin, Sráid Theamhair,
An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí.
Teagmháil: Caitrín Ní Ghaifeacháin
Teil: 057 9349425 Rphost: cgavigan@loetb.ie

Is í aidhm na Seirbhíse um Threoir agus um Eolas san Oideachas Aosach ná foghlaimeoirí fásta a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar a saol ar shlí b'fhéidir nach ndearna siad roimhe, chun athbhreithniú a dhéanamh ar a láidreachtaí, a gcumais agus a scileanna reatha chomh maith le machnamh a dhéanamh ar shlite chun cinn nua a fhorbairt.

Cliant:

2,221

Gníomhaíochtaí i rith 2015:

- Cuireadh treoir d'aoisigh inti ar fáil do TFAO, Litearthacht d'Aosaigh, SDOG, CIA, athreoirithe ón RCS agus don phobal i gcoitinne sna hIonaid Breisoideachais agus Oiliúna i Laois agus in Uíbh Fhailí.
- Cuireadh Seirbhís Fhor-rochtana ar fáil do SDOG, agus grúpaí Litearthachta agus comhphobail m.s na Comhthionscadail agus na Clubanna post i mBiorra, Beannchar, Ród Éadan Doire, Mainistir na Laoise agus Cúil an tSúdaire.
- Tháinig méadú ar líon na n-athreoirithe chuig an tSeirbhís Treoireach d'Aosaigh mar gheall ar an bprótacal idir RCS agus BOOLUF.
- Is comhthionscnamh idir RCS agus BOOLUF é Tús Nua agus díreáir ar shuimeanna gairme, ar scileanna agus ar bhuanna. Bhí ról lárnach ag an tSeirbhís Treorach d'Aosaigh i bhforbairt agus i gcomhordú an chláir, rud a

LAOISE

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Phortlaoise,
Cnoc an Túir, Port Laoise, Co. Laoise.
Teagmháil: Carmel Ni hUallacháin
Teil: 057 8672963 Rphost: choolan@loetb.ie

chinntigh gur cláraíodh athreoirithe ón RCS ar chláir oideachasúla iomchuí ina ndiaidh.

- Lean AEGIS le tacaíocht a thabhairt do Scileanna Fostaíochta QQI Leibhéal 4 agus an sprioc a bhí leis ná foghlaimeoirí a chumasú le scileanna ar nós scileanna cumarsáide, scileanna mata, scileanna IT, pleanáil ghairme, seirbhís do chustaiméirí, taithí oibre, éifeachtúileacht phearsanta agus sábháilteacht san ionad oibre.
- Fógraíocht agus bolscaireacht déanta ar an tSeirbhís Treoireach d'Aosaigh trí mheán bhileoga an chúrsa, tríd an suíomh gréasáin, tríd an leathanach Facebook agus trí chuir i láthair sna clubanna post agus sna grúpaí comhphobail.
- Leanadh lenár naisc idir IT Áth Luain agus Ollscoil Mhá Nuad – Tógadh mic léinn chuig laethanta oscailte na gcoláistí chun iad a spreagadh na roghanna oideachasúla a chíoradh agus caidreamh a chothú le heagraíochtaí tábhachtacha an oideachais. Chruthaigh sé seo deis dóibh féidearthachtaí réalacha maidir le dul ar aghaidh a aimsiú.
- Thug cainteoirí ó Choláiste Cheatharlach, IT Cheatharlach agus OE Mhá Nuad cuairteanna ar fhoghlaimeoirí sna hIonaid Bhreisoideachais agus Oiliúna i Mainistir na Laoise agus i gCúil an tSúdaire.



An tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh

Eagraí Litearthacht d'Aosaigh: Caitlín Ní Dhuinn

UÍBH FHAILÍ

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna An Tulach Mhór
Teagmháil: Alisiún Nic Fhiodhbhuí nó Marina Ní Mháille
Teil: 057 9349424 / 057 9349426
Rphost: amcevoy@loetb.ie / momalley@loetb.ie

LAOISE

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Phortlaoise,
Cnoc an Túir, Port Laoise, Co. na Laoise.
Teagmháil: Caitlín Ní Dhuinn
Teil: 057 8661338 Rphost: kdunne@loetb.ie

Soláthraíonn an tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh ranganna grúpa atá saor in aisce agus rúnda chomh maith le ranganna duine le duine d'aosaigh a theastaíonn uathu feabhas a chur ar a gcuid léitheoireachta. a scríbhneoireacht, a gcumas litrithe, a scileanna mata nó a mbunscileanna ríomhaire.

Ranganna páirtaimseartha le teagascóirí oilte atá i gceist agus bíonn atmaisféar cairdiúil agus neamhfhoirmiúil sna ranganna. Tá na ranganna ar fáil ar fud Laoise agus Uíbh Fhailí. Bíonn meascán de ranganna lae agus tráthnóna ar siúl.

Mic léinn in 2015:

	FIR	MNÁ
Litearthacht:	630	688
BCTE:	256	360
TFAO:	93	71
Iomlán:	979	1119

Cúrsaí ar fáil i Laoise agus in Uíbh Fhailí:

- Teagasc Litearthachta Bunúsach, Litearthacht Bunúsach (Riachtanais Speisialta)
- Tacaíochtaí do Litearthacht, Litearthacht/Teanga
- Béarla don Teastas Sóisearach
- Mata don Teastas Sóisearach (Uíbh Fhailí amháin)
- Mata, Stair agus Ealaín don Teastas Sóisearach
- Béarla, Mata, Stair agus Ealaín don Ardteistiméireacht
- Mata bhunúsach, Tacaíochtaí don Mhata
- Módúil Litearthachta agus mata Leibhéal 2, Ceardaíocht Leibhéal 2, Scileanna Ríomhaire agus Teicneolaíochta Leibhéal 2, Spriocanna a Leagan agus Cinnteoireacht Phearsanta Leibhéal 2, Rogha Bia agus an tSláinte Leibhéal 2
- Bunscileanna TE, Eolas bunúsach ar an Idirlíon agus ar Rphost
- Próiseáil Focal, Scileanna Idirlín, na Meáin Dhigiteacha Leibhéal 3
- Cumarsáid Leibhéal 3
- Éifeachtúlacht Phearsanta Leibhéal 3
- Airgeadas pearsanta a bhainistiú Leibhéal 3
- Ceardlann ar dhisléicse, Litriú & Gramadach, An Clár "Sounds Write"
- Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile, gach leibhéal
- Cláir DBA (ITABE)/ Dianteagaisc i mBunoidéachas d'Aosaigh; Tionscadail Scileanna chun Oibre; Cláir Litearthachta do Theaghlaigh
- Cócaireacht don Nollaig, Storysacks, Kindermusik - Uíbh Fhailí

Cláir agus Tionscnaimh:

CLÁIR SCILEANNA CHUN OIBRE (CLÁIR LITEARTHACHTA AGUS CUR LE SCILEANNA DO DHAOINE FOSTAITHE)

Is tionscnamh náisiúnta é Scileanna chun Oibre a bhfuil sé mar aidhm aige cúrsaí oiliúna a sholáthair d'fhostaithe lánaimseartha agus páirtaimseartha. Soláthraítear oiliúint cuí agus ar ardchaighdeán d'fhostaithe, de gnáth ina n-ionad oibre féin. I measc na gcúrsaí ar fáil tá, Cumarsáide trí mheán Ríomhairí, Airgeadas/Mata Pearsanta, Scileanna Cumarsáide, Léitheoireacht, Scríbhneoireacht agus Litriú.

CLÁIR DBA (ITABE) (DIANTEAGAISC I MBUNOIDEACHAS D'AOSAIGH)

Bhí 8 gclár DBA ar siúl i rith 2015, dhá cheann sa Tulach Mhór agus dhá cheann in Éadan Doire (cláir leantacha) agus ceithre cinn i bPort Laoise. Bhuail mic léinn DBA Phortlaoise agus an Tulach Mhór in ionaid an ghrúpa eile le linn Mhí Aibreáin agus chuir siad imeachtaí ar súil bunaithe ar théama threolaíocht áitiúil Laoise & Uíbh Fhailí chomh maith le seisiún ceoil agus amhránaíochta.

LITEARTHACHT TEAGHLAIGH (DEIS - COMHIONANNAS DEISEANNA A SHOLÁTHAR I SCOILEANNA)

I measc na gcúrsaí Litearthachta Teaghlaigh bhí: Tacaíocht Bhéarla do Thuismitheoirí, Ranganna Ceoil d Theaghlaigh (Uíbh Fhailí), Mata do Thuistí agus Dianchlár Foghlama trí lá do Theaghlaigh (Laois).

TEAGASCÓIRÍ DEONACHA

Rinne 20 teagascóir deonach teagasc duine le duine trasna an dá chontae.

D'fhreastal naonúr teagascóirí deonacha agus triúr teagascóirí grúpa ar Lá Teagascóireachta ANLA i mBaile Átha Cliath le linn mhí Eanáir. Bhí cás-staidéar a scríobh duine dár dteagascóirí in Uíbh Fhailí ar cheann de na cás-staidéir a d'fhoilsigh ANLA ina fhoilseachán Cás-staidéir na Teagascóireachta Deonáí.

Cúrsaí Nua in 2015:

- Cumarsáid Réamhleibhéal 3
- Mata Réamhleibhéal 3
- Na hAmharcealaíona Leibhéal 2
- Feasacht ar Choireacht Réamhleibhéal 3
- Scileanna Miondíolta Leibhéal 3

Creidiúnú:

- 13 Mhórdhámhnachtain ag Leibhéal 2
- 231 Teastas Comhpháirte ag Leibhéal 2
- 146 Teastas Comhpháirte ag Leibhéal 3
- 4 Theastas Comhpháirte ag Leibhéal 4
- Bhain 10 mac léinn Béarla an Teastas Shóisearaigh amach, (7 ghnáthleibhéal & 3 Bhonnleibhéal)
- Bhain 8 mac léinn an Teastas Shóisearaigh amach in ábhar amháin ar a laghad
- Bhain 29 mac léinn an Ardteistiméireacht amach in ábhar amháin ar a laghad
- Bhain 10 mac léinn Béarla na hArdteistiméireachta amach



Tháinig méadú suntasach ar líon na n-atreoruithe ón Roinn Coimirce Sóisialaí a raibh teagasc litearthachta duine le duine de dhíth orthu agus mar gheall sin bhí níos mó teagascóirí páirteach sa teagasc seo. Is í an aidhm ná nuair a éiríonn mic léinn compordach leis an teagasc, go spreagtar iad bheith páirteach i ranganna grúpa beaga.

MIC LÉINN CHLÁR NA NDÍDEANAITHE FÁSTA (CDF)

Chuir Port Laoise fáilte roimh bhreis is 20 mac léinn de Chlár Athlonnaithe na Siriach a d'fhreastal ar Dhianchlár Béarla Luan go Déardaoin. is éard a bhí i gceist ná Tacaíocht Litearthachta 1-1, Béarla d'Fhoghlaiméirí agus Béarla Bunúsach. Rinne na mic léinn ranganna IT chomh maith. Chuaigh ceathrar mac léinn CDF ar aghaidh go SDOG (lánaimseartha) agus d'fhreastal mic léinn eile ar ranganna Béarla agus Mata an teastais Shóisearaigh.

TÚS NUA

Bhí baint ag an tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh le go leor gnéithe de chlár sheachtainiúla Tús Nua (cúrsaí seachtaine do atreoruithe RCS), a thug eolas bunúsach ar Bhreisoideachais agus ar dheiseanna fostaíochta. Bhuail an tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh leis na rannpháirtithe ar bhonn duine le duine chun a mianta oideachasúla a phlé.

IMEACHTAÍ EILE/OILIÚINT

- D'fhreastal teagascóirí ar oiliúint ar Theicneolaíocht Tháibléid (Apps) agus Disléicse, ar Thionscadal Mata agus Uimhreacht a sheachadadh.
- D'fhreastal an tEagraí Litearthachta agus beirt oibríthe acmhainne ar Cheiliúradh Lá na litearthachta Idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair.
- D'óstáil an tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh sa Tulach Mhór Ceardlann Litearthachta réigiúnach i gcomhpháirt le ANLA i mí Dheireadh Fómhair 2015.

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bheannchair

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bheannchair, An Phríomhshráid, Bannchar, Co. Uíbh Fhailí
 Teagmháil: [Celina Ní Chathasaigh](mailto:Celina.Ní.Chathasaigh@loetb.ie) Teil: 057 91 53734
 Fón Póca: 085 8773755 Rphost: banagherfet@loetb.ie

Ofrálann Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bheannchair raon roghanna ag Leibhéil QQI 3 & 4 den CNC do luafhágálaithe scoile. Is é sprioc an chlár na croiscileanna a theastaíonn ón bhfoghlaím a fhorbairt agus na mic léinn a ullmhú chun dul ar aghaidh le breisoideachais, le traenáil agus le fostaíocht.

Líon na mac léinn:

D'fhreastal 36 mac léinn ar an ionad in 2015 idir 8 ban agus 28 fear.

Creidiúnú:

In 2015 baineadh amach a leanas:

- 163 Teastas Comhpháirte ag Leibhéil QQI 3 & 4
- 3 Mhórdhámnachtain ag Leibhéal QQI 3
- 5 Mhórdhámnachtain ag Leibhéal QQI 4

Cláir & Tionscnaimh:

Bhí roinnt clár neamhdheimhnithe ar siúl san Ionad in le linn 2015. I measc na gcúrsaí bhí: “Cócaireacht gan Stró” i gcomhpháirt le “Cuideachta Comhpháirtíochta na Laoise” ar chúrsa bia folláin é dírithe ar chothú agus ar chócaireacht bhunúsach agus clár darb ainm SPARX ar chúrsa sláinte intinne do mhic léinn é, thug Tionscadal SUB Bhiorra cuairt ar an ionad chun a chlár Fred Goes Net a sheachadadh. Is é aidhm an chlár dul i ngleic le húsáid alcóil agus drugaí chun go ndéanfaidh ár mic léinn cinntí maithe maidir lena n-úsáid. Rith Aicearra go Teicneolaíocht an Eolais clár a chabhraigh lenár mic léinn iad féin a ullmhú chun post a fháil. Pléadh conas CV a dhearadh, rinneadh bréag-agallaimh agus bhí turas cuideachta go iRadio in Áth Luain.

Thug Forbairt Áitiúil Uíbh Fhailí cuairt ar an Ionad freisin lena gclár “Spriocanna” a bhfuil sé mar aidhm aige féinmheas agus neamhspleáchas ár mac léinn a mhéadú agus a chabhraigh leo a spriocanna saoil a aimsiú agus conas iad a bhaint amach.

Ghlac an tIonad páirt i dtionscnamh darb ainm “Ag Cothú Todhchaí na hÉireann” a raibh cuairt ó Rannóg Acmhainní Daonna ár gcuideachta óstaigh Danone Foods mar chuid de agus labhair siad lenár mic léinn maidir leis iad féin a ullmhú do phost, phlé siad CVanna na mac léinn agus rinne siad bréag-agallaimh. Chomh maith leis sin, labhair Edel Nic Phádraig ó INTREO Thulach Mhór leis na mic léinn faoi Sheirbhísí Fostaíochta agus Tacaíochta do chuardaitheoirí poist.



Rith an tIonad a Thionscadal Idirghlúine bliantúil in éineacht le grúpa Gníomhach ag dul in Aois Bheannchair. Maireann an tionscadal seo 4 seachtaine ina oibríonn ár mic léinn le ball an ghrúpa trí chabhrú leo ceist sláinte a láimhseáil agus a chríochnaíonn le béile san Ionad deartha ag na mic léinn.

Rith an tIonad tionscadal eile in éineacht le grúpa Gníomhach ag dul in Aois Bheannchair ina mhúin na mic léinn do roinnt ball conas a iPad a úsáid.

Gníomhaíochtaí Eile

Thosaigh roinn mac léinn ar chláir fhadtéarma taithí oibre agus d'oibrigh siad lá amháin in aghaidh na seachtaine i rith na bliana acadúla. D'éirigh le beirt post lánaimseartha a bhaint amach.

- Thug Máire Gordúin, an Roinn Oideachais agus Scileanna oiliúint ar a clár “scileanna boga” atá i curtha i bhfeidhm anois san Ionad. Is é aidhm an chláir ná fostúchas/ullmhacht chun oibre na mac léinn chomh maith le forbairt chohórt ár mac léinn a thomhas.
- Tógadh mic léinn go laethanta oscailte in IT Áth Luain, Coláiste Gnó Mhóta agus Coláiste an Teampaill Mhóir.
- Ritheadh ócáid tiomsaithe ar son Ospidéal na Leanaí i dTamhlacht. Thug an tIonad cuireadh do bhaill an chomhphobail agus do thuismitheoirí teacht chuig an Ionad don imeacht seo. Fad is a bhí an imeacht ar siúl d'eagraigh an comhordaitheoir cruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí mar is bealach neamhfhoirmiúil é chun na thuismitheoirí a mhealladh chuig an Ionad i comhair na gcruinnithe seo.
- Eagraíodh Imeacht Aireachais do Thuismitheoirí san Ionad agus bhí slua maith ann.
- Ghlac mic léinn páirt i Seachtain Feasachta ar Dhrugaí eagraithe ag Tascfhórsa um Dhrugaí Lár na Tíre. D'óstaigh an tIonad roinnt imeachtaí i gcomhpháirt leis seo.
- Ghlac mic léinn páirt i dtaispeántas na nGairm i gColáiste na Sionna i mBeannchar.
- Ghlac mic léinn páirt i gCaint ar Oiliúint Fáilteachais i mBiorra.

San áireamh in oiliúint foirne i mbliana bhí maoirseacht le Niall Ó Crualaoich. bhí Niall ina éascaitheoir oiliúna leis an gclár Teorainn, Féinchúram agus Aireachas do bhaill foirne. D'fhreastal Celina agus Máirín ar oiliúint Belong To san Ionad Oideachais in Áth Luain. Eagraíodh ceardlann faoi conas déileáil le Disléicse sa seomra ranga. Cuireadh oiliúint “Suicide Safe Talk” ar fáil freisin. Rith Anthony O'Prey a cheardlann ar chóitseáil do dhéagóirí san Ionad don fhoireann. D'fhreastal roinnt ball foirne ar laethanta oiliúna a d'eagraigh na Seirbhísí Tacaíochta um Bhreisoideachais in Áth Luain. Ghlac an fhoireann páirt in oiliúint OSPS le SGM.

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhiorra

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhiorra, Bóthar Ros Cré, Biorra, Co Uíbh Fhailí
Teagmháil: Mervyn Ó Gríofa Teil: 057 9121571 Rphost: birrfet@loetb.ie

Soláthraíonn SDOG Bhiorra cúrsaí lánaimseartha do dhaoine os cionn 21 bliain d'aois atá ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh le breis is sé mhí. I measc na gcúrsaí ar fáil tá ábhair an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta m.s. Béarla, Mata, Stair agus Roinnt Modúl QQI m.s. Scileanna TE, Ealaíon, Ceardaíocht agus Dearadh. Maireann na cúrsaí ar feadh dhá bhliain ar a laghad.

Mic Léinn:

Mná: 8 / Fir: 15 Iomlán: 23

Cúrsaí ar fáil:

- Ardteistiméireacht: Matamaitic, Béarla, Stair, Gnó
- Teastas Sóisearach: Matamaitic, Béarla, Stair
- Leibhéal 3 QQI: Próiseáil Focal, Scarbhileoga
- Leibhéal 4 QQI: Próiseáil Focal, Feidhmchláir Ríomhaire, Modhanna Bunachair
- Leibhéal 5 QQI: Modhanna Bunachair, Péinteáil

Creidiúnú:

- 23 Teastas Comhpháirte ag Leibhéal QQI 3, 4 & 5
- Ardteistiméireacht: Matamaitic (2), Béarla (4), Stair (4), Gnó (4)
- Teastas Sóisearach: Matamaitic (2), Béarla (2), Stair (2)

Cláir agus Tionscnaimh:

Leanamar leis agus d'fhorbraíomar na naisc le Cumann na bPost Biorra leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (Biorra, An Tulach Mhór, Áth Luain agus Ros Cré) agus le Forbairt Áitiúil Uíbh Fhailí. I dteannta na gcúrsaí atá ar fáil le SDOG Bhiorra rinneadh pleanáil chun forbairt phearsanta agus shóisialta na mac léinn a thacú agus cuireadh i bhfeidhm iad. Tógadh mic léinn go seisiún ionduchtaithe i Leabharlann Bhiorra agus mar thoradh air sin tá cuid mhaith acu ina mbaill ghníomhacha anois. Tugadh deis do mhic léinn páirt a ghlacadh i gcluichí foirne agus i mboghdóireacht ag an Ionad Oideachais Allamuigh i mBiorra (IOA).

D'fhreastal mic léinn ar go leor laethanta oscailte ag na coláistí, go h airithe IT Áth Luain agus Coláiste Talmhaíochta Ghoirtín. Chuaigh sciar suntasach dár mic léinn ar aghaidh chun cúrsaí a dhéanamh sna coláistí seo le cabhair ár Seirbhís um Threoir san Oideachas Aosach. (AEGI). Is ceann i gcónaí dár seirbhísí is fiúntaí in SDOG é AEGI ó go bhfaigheann gach mac léinn comhairle agus tacaíocht chuimsitheach a chabhróidh leo leanúint ar aghaidh ó SDOG.



loetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí
Laois and Offaly
Education and Training Board

Ionad Oideachais Allamuigh Bhiorra

Ionad Oideachais Allamuigh, Biorra, Bóthar Ros Cré, Biorra, Co. Uíbh Fhailí.

Bainisteoir: Maire Ní Chléirigh Teil: 057 9120029 Rphost: info@birroec.ie

Suíomh Gréasáin: www.birroec.ie Facebook: [Birr Outdoor Education Centre](#)

Mic Léinn:

D'fhreastal 8,267 mac léinn ar Ionad Oideachais Allamuigh Bhiorra in 2015.

Ofrálann Ionad Oideachais Allamuigh Bhiorra cúrsaí ar oideachas comhshaoil, ar spóirt eachtraíochta agus ar gníomhaíochtaí tógála foirne do ghrúpaí daoine idir 8 agus 80 bliain d'aois.

Soláthraíonn IOA Bhiorra teagasc saineolach, trealamh speisialaithe, cóiríocht, béilí agus áiseanna níos áine. Ta na cúrsaí solúbtha agus curtha in oiriúint do bhunscoileanna, d'iarbhunscoileanna, do ghrúpaí óige agus do ghrúpaí corparáideacha. Is féidir go leor cúrsaí a chur in oiriúint do riachtanais aonair aon ghrúpa.

Gníomhaíochtaí ar fáil in 2105:

- Curachóireacht
- Tógáil Rafta
- Clár Gaisce
- Boghdóireacht
- Ailleadóireacht
- Cúrsa Rópaí Ísle
- Cadhcáil
- Laistigh/Allamuigh
- Rópaireacht Anuas
- Uaimheadóireacht
- Treodóireacht
- Éiceolaíocht
- Siúl Scornaí
- Tionscadal Mata
- Túr Dreapadóireachta
- Bac-chúrsa
- Tógáil Foscaidh
- Surfáil Choirp
- Campáil & Ceird na Campála
- Cluichí neartaithe na foirniúlachta

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Clóirtheach

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Clóirtheach, Sráid na hAbhann, Clóirtheach, Co Uíbh Fhailí
Teagmháil: Finian Mac Róibín Teil: 057 9330794 Rphost: clarafet@loetb.ie

Ofrálann Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Clóirtheach raon roghanna do luathfhágáilithe scoile ag leibhéal QQI 3 & 4 an CNC. Is í aidhm an chláir na croí scileanna a theastaí ón bhfoghlaim a fhorbairt agus mic léinn a ullmhú do bhreisoideachas, d'oiliúint agus d'fhostaíocht.

Mic Léinn:

Chláraigh 29 mac léinn don chlár in 2015.

Cúrsaí ar Fáil:

- Foghlaim Ghinearálta Leibhéal QQI 3
- Foghlaim Ghinearálta Leibhéal QQI 4

Creidiúnú:

- Mórdhámhnachtain ag Leibhéal QQI 4: 4
- Teastas Comhpháirte ag Leibhéal QQI 4: 13
- Mórdhámhnachtain ag Leibhéal QQI 3: 3
- Teastas Comhpháirte ag Leibhéal QQI 3: 7

An Chomhphobal Áitiúil a bheith páirteach i gClár an Ionaid:

Le linn 2015 lean Ógtheagmháil Chlóirtheach lena straitéis bheith ag obair le grúpaí agus eagraíochtaí an chomhphobail áitiúil agus an obair sin a chomhtháthú le cháir an Ionaid agus le creidiúnú QQI. In 2015 socraíodh ar dhá thionscadal faoi leith a chur isteach ar Chlár Ghradam na gComhshaolaithe Óga uile-Éireann EICE-EOECNA:

- D'oibrigh an clár **Cúrsaí Socra Saol Socair** leis an Dá Bhunscoil, sna Clubanna i ndiaidh na scoile, an Grúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir agus an Grúpa Idirghlúine. Scríobh na mic léinn a n-amhrán féin "Refuse to Sink" ar théama na sláinte intinne dearfaí chomh maith le físeán ceoil tionlacain agus rinne siad é a léiriú agus a sheinm. Chruthaigh siad cluiche agus saothar ealaíne ar an téama céanna mar chuid dá gcuid oibre leis an gcomhphobal áitiúil. D'éirigh leis na mic léinn ECO Dens (agallamh ar nós Dragon's Den) a láimhseáil chun áit a fháil i gcraobh na gComhshaolaithe Óga uile-Éireann EICE-EOECNA áit a bhuaigh siad an duais iomlán don Seastán Taispeántais is Fearr.
- D'oibrigh "**Ná bí caifeach is cothaigh cách**" go dlúth leis na Bunscoileanna áitiúla agus leis na Grúpaí Comhphobail agus rinneadh siad araid múirín rollach nuálach a phleanáil agus í a fhorbairt a bhí ina cuid den chlár Bia Sláintiúil san Ionad agus mar chuid de thairgeadh bia in aonad glasraí agus éineola an Ionaid. D'éirigh leis na mic léinn ECO Dens i mBaile Átha Cliath a láimhseáil agus bhuaigh siad an Gradam Náisiúnta um Bhithéagsúlacht i gcraobh Ghradam na gComhshaolaithe Óga. Bhuaigh an tIonad gradam airgid ag an ócáid d'Éice-Inbhuanaitheacht.



Lean an tIonad lena chur chuige traschuraclaim maidir le múineadh agus foghlaim trí thurais go Páirc Fionnachta Loch na Buaráí, Ionad Cuairteoireachta Phortach Chlóirthigh agus an Portach é féin agus Caisleán Bhiorra, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus go Musaém na Staire agus na Geolaíochta mar chuid den obair allamuigh a bhaineann le roinnt modúl QQI ar nós Ealaíon Leibhéal 3 & 4, Cúram & Cothabháil Plandaí Leibhéal 3 & 4 agus Cumarsáid Leibhéal 3 & 4. Chomh maith leis sin lean an tIonad lena chomhobair le Bailte Slachtmhara Chlóirthigh, Ionad Acmhainne Chomhphobail agus Theaghlaigh Chlóirthigh, An Club tar éis Scoile agus Stáisiún Traenach Chlóirthigh. Den chéad uair riamh, chruthaigh an tIonad nasc le Bothán na bhFear in 2015. Thosaigh an tIonad ar Chomhpháirtíocht oideachasúil le hIonad Cuairteoireachta Phortach Chlóirthigh a raibh ceardlanna ag Ionad Ógtheagmhala agus Ionad Cuairteoireachta an Phortaigh chomh maith le turais allamuigh go Portach Chlóirthigh mar chuid de thionscadal feasachta ar thábhacht Phortach Chlóirthigh san am atá thart, anois agus sa toadhcháil. Lean an tIonad lena thacaíocht do Mhórshiúl Lá 'le Pádraig trí comharthaí agus páirteanna do flótaí a chruthú agus iad a phéinteáil.

Socrúcháin agus Earcaíocht do Chláir Taithe Oibre in 2015:

Rinne mic léinn socrúcháin oibre le fostóirí áitiúla:

- Conraitheoir áitiúil Plástrála
- Feolta Uí Chearúill
- Ó Dufaigh & Scott
- Óstán Theach an Droichid
- Naomh Uinsinn de Phóil
- Ionad Iomlánaíoch Theach Chlóirthigh
- Réamhscoil Wonderlands

D'éirigh le mac léinn a rinne a shocrúcháin oibre le Feolta Uí Chearúill fostaíocht a fháil díreach ina dhiaidh mar bhunoibrí táirgthe ag an monarcha. Fuair mac léinn eile obair choicise (íochta) le linn tréimhse ghnóthach i ndiaidh coicís socrúcháin leis an gcuideachta.

Fuair mac léinn fostaíocht le hÓstán Theach an Droichid tar éis socrúchán oibre fadaithe a dhéanamh leis an siopa caife.

Tionscnaimh Nua:

- Tháinig Danielle Barr ó FIT ar an gclár i mí Mheán Fómhair mar thacaíocht lenár Clár tTaithí Oibre agus d'oibrigh sí lenár ngrúpa fágála ar scileanna CV, Scileanna agallaimh srl. agus thóg sí iad ar thuras oideachasúil agus misean bailithe eolais go ceannoifig McDonalds i mBaile Átha Cliath.
- Cuir Sorcha Ní Chofaigh tús leis an gclár AGPRC i mí Mheán Fómhair. Is cáilíocht riachtanach í chun obair a fháil i dTionscal na Seirbhísí.
- Seoladh Clár Bia Folláin an-rathúil i mí Mheán Fómhair a d'oir go han-mhaith dár dtáirgeacht glasraí agus éinfheola.
- D'fhreastal mic léinn ar oiliúint ar láimhsiú ag Trade Safety, Raithín Clóirtheach.
- Tháinig iarmhac léinn Conor Ó Meachair chun caint inspreatha a thabhairt do na mic léinn reatha san Ionad agus clár Sláinte & Aclaíochta sé seachtaine ina diaidh i spórtlann Chonoir féin "Mind Over Maher" i gClóirtheach.
- Ghlac mic léinn páirt i dtaighde píolótach ar Chur Chun Cinn na Sláinte le OÉ Gaillimh.
- Rinne Éanna Mac Domhnaill a thosaigh mar mhúinteoir acmhainne i mí Mheán Fómhair Creatlach Scileanna Boga Mháire Ní Ghordúin a chur i láthair don fhoireann os rud é go raibh sé ina bhall den ghrúpa oibre sin a d'fhorbair an chreatlach. Tá súil againn go mbeidh sé seo ina uirlis úsáideach chun forbairt phearsanta agus scileanna fostúchas/ ullmhachta chun oibre ár mac léinn a thomhas fad is atá siad ag an ionad.

Cláir Nua in 2015:

- Aráin, Ciste agus Milseoga Leibhéal QQI 3
- Gnásanna slándála dorais Leibhéal QQI 4
- Gardáil Statach Leibhéal QQI 4



loetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí
Laois and Offaly
Education and Training Board

Seirbhís Oideachas Pobail

LAOISE

Ionad breisoideachais agus oiliúna Phortlaoise,
Cnoc an Túir, Port Laoise, Co. Laoise
Éascaitheoir Oideachas Pobail: Treasa Nic Fhíodhbhuí
Teil: 057 8661890 Rphost: tmcevoy@loetb.ie

UÍBH FHAILÍ

Ionad breisoideachais agus oiliúna Thulach Mhór, Foirgnimh
an Chaisleáin, Sráid Teamhair, An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí
Éascaitheoir Oideachas Pobail: Michelle Ní Sheanacháin
Teil: 057 9349441 Rphost: mshanahan@loetb.ie

Is próiseas foghlama agus athruithe é Oideachas Pobail a bhfuil dlúthcheangal aige sa chomhphobal. Is iad aidhmeanna chláir an oideachais pobail ná tógáil ar chumas na bpobal áitiúil dul i ngleic le foghlaim dhinimiciúil i dtimpeallacht neamhbhagairteach.

Déantar e sé go príomha trí ghníomhaíochtaí neamhacadúla, a chabhraíonn leis an ngrúpa foghlaim a cheangal le spraoi. Maireann ranganna 6 – 10 seachtaine de gnáth agus eagraítear iad ag amanna agus ag suíomhanna a oireann do na rannháirithe.

Líon iomlán na mac léinn in 2015:

921; Mná: 672 / Fir: 249

Bainte amach in 2015:

- Seachtain Feasachta ar Shláinte Intinne i gcomhpháirt le FSS
- Sholáthraíomar Foghlaim Ghinearálta Leibhéal 2 i gcomhpháirt le Gluaiseacht na dTaistealaithe Uíbh Fhailí.
- D'oibríomar i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí áitiúla (FSS, RCS, Comhpháirtíocht Laoise & Uíbh Fhailí agus Comhpháirtíocht Spóirt Laoise) chun cúrsaí a sholáthar.
- Rinneamar an clár na Buntáistí Foghlama i gCoitinne a chur i bhfeidhm trasna an oideachas pobail i BOO Laoise & Uíbh Fhailí rud a leag méar ar bhuntáistí cáilíochtúla maidir le forbairt phearsanta agus shóisialta.
- I gcomhpháirt le Comhpháirtíocht Laoise, chuireamar isteach ar mhaoiniú faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin chun caidrimh a bhun le fir óga agus d'éirigh linn é a fháil
- Sholáthraíomar an chéad chlár do Nuálaithe Pobail do ghrúpaí Móinteach Mílic chun tacú le feasacht pobail in Eastáit tithíochta an Údaráis Áitiúil.
- Sholáthraíomar módúil i dTaithí Oibre agus i nGarchabhair Oibre i gcomhpháirt le Comhpháirtíocht Spóirt na Laoise mar chuid den chlár cóisteála.

Ionad breisoideachais agus traenála Éadan Doire

Bóthar Naomh Mhuire, Éadan Doire, Co. Uíbh Fhailí

Teagmháil: Máiréad Ní Shirideán Teil: 046 9732091/085 8773842 Rphost: edenderryfet@loetb.ie

Ofrálann Ionad breisoideachais agus traenála Éadan Doire raon roghanna ag leibhéal QQI 3 & 4 do luathfhágálaithe scoile. Is í aidhm an chláir na croiscileanna chun foghlama a fhorbairt agus na mic léinn a ullmhú i gcomhair breisoideachais, traenála agus fostaíochta.

Líon na mac léinn:

35.

Cúrsaí ar fáil:

LEIBHÉAL QQI 3

- Cumarsáid
- Mata Fheidhmiúil
- Cur i bhfeidhm uimhreacha
- Litearthacht Ríomhairí
- Próiseáil Focal
- Adhmadóireacht
- Feasacht ar Shláinte & ar Shábháilteacht
- Cothú agus Roghanna Sláintiúla
- Aráin, Ciste agus Milseoga
- Cócaireacht Bhricfeasta
- Scileanna Báisín
- SIB (OSPS)

LEIBHÉAL QQI 4

- Cumarsáid
- Mata Fheidhmiúil
- Taithí Oibre
- Scileanna TE
- Próiseáil Focal
- Feidhmchláir Ríomhaire
- Ceardaíocht Adhmaid
- Sábháilteacht san Ionad Oibre
- Cócaireacht ar Ordú (Nua)
- SIB
- Cúram & Sábháilteacht Leanáí
- Péinteáil & Líníocht (go dtí Samhradh 2015)

Creidiúnú:

Tharla na measúnaithe QQI le linn mhí na Bealtaine agus mhí Iúil agus bhain na Foghlaimeoirí creidiúnú amach i raon leathan modúl. D'éirigh leis na mic léinn creidiúnú a fháil i 157 modúl ar an iomlán agus bhí 7 mac léinn a bhain Gradam iomlán amach i bhFoghlaim Ghinearálta ag Leibhéal 4.

Mórdhámhnachtain i bhFoghlaim Ghinearálta ag Leibhéal QQI 4: 7 bhFoghlaimeoirí.

70 Teastas Comhpháirte ag Leibhéal QQI 4.

61 Teastas Comhpháirte ag Leibhéal QQI 3.



Ghlac foghlaimeoirí páirt i roinnt clár nach mbaineann creidiúnú QQI leo ar nós:

- D'éirigh le 8 bhfoghlaimeoirí an Pas Sábhailte a bhaint amach.
- Chríochoigh 12 Foghlaimeoir Oiliúint ar Láimhsiú Sabhálte.
- Fuair 5 Foghlaimeoirí gradam i Scrúdú an Bhia Shábháilte.

Den chéad uair riamh tá grúpa Foghlaimeoirí againn i mbliana ata ag glacadh páirte sna gradaim GAISCE ag an leibhéal cré-umha.

Tá clár “Bia Folláin gan Mhistéir” ar fáil ag an Ionad i gcomhpháirt le Comhlacht Chomhpháirtneireacht na Laoise. “An Stair Bheo” le Mícheál Ó Maolán, clár a bhfuil na Foghlaimeoirí ag cruthú nasc le Teach Ofalia le haghaidh an ghradaim GAISCE agus ag caitheamh feistis seanré chun tréimhse stairiúil a athléiriú.

Cláir agus Tionscnaimh:

D'fhostaigh BOOLUF an Dr. Niall Ó Crualaoich mar thacaí foirne sna hIonad Ógtheagmhála. Bhuail Niall le gach ball den fhoireann Ógtheagmhála faoi dhó mar ghrúpa agus thug sé cuairt ar gach Ionad Ógtheagmhála chun tacaíocht a thabhairt do na foirne aonair. Cuireadh bunchúrsa ar “Aireachas” ar fáil.

I mí na Nollag 2015 d'eagraigh grúpa na gComhordaitheoir Ógtheagmhála BOOLUF imeacht darbh ainm “Dea-chleachtas in Ógtheagmháil a Roinnt agus a Threisiú” do bhaill foirne an chúig Ionad Ógtheagmhála. Ba dheis é do bhaill foirne naisc a chruthú le baill foirne eile ina réimse ábhair féin agus chun éisteacht le cuir i láthair ó gach IO ar dhea-chleachtas sna réimsí a leanas:

“Constaicí ar Oideachas in Ógtheagmháil a Bhaint”

“Oibriú mar Fhoireann in Ógtheagmháil”

“Cad é a Oibríonn go Rathúil in Ógtheagmháil”

“Luach na gClár Neamhchreidiúnaithe in Ógtheagmháil”

“The Nestle Effect” caint ar an saol oibre, ar CVanna agus ar an bpróiseas earcaíochta.

Chomh maith lenár gcláir is féidir le Foghlaimeoirí leas a bhaint as tacaíocht agus as treoir ár nOifigeach Gairmtheorach Gearóidín Ní Ghrianáin. Cuireann Litearthacht d'Aosaigh BOOLUF tacaíocht litearthachta ar fáil dóibh siúd a bhfuil sí de dhíth orthu.

Bíonn cruinnithe Foirne/Foghlaimeora ar siúl gach 6-8 seachtain a mbíonn deis ag foghlaimeoirí topaicí a phlé agus eolas a fháil ar imeachtaí ata le teacht.

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhóinteach Mílic

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhóinteach Mílic, Sráid an Chuain, Móinteach Mílic, Co. na Laoise
Teagmháil: Seosamh Mac Thomáis Teil: 057 86 24196 Rphost: mountmellickfet@loetb.ie

Ofrálann Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhóinteach Mílic raon roghanna do luathfhágáilithe scoile ag Leibhéil QQI 3 & 4 den CCN. Is í aidhm an chláir na croiscileanna chun foghlama a fhorbairt agus na mic léinn a ullmhú i gcomhair breisoideachais, traenála agus fostaíochta.

Creidiúnú:

- Leibhéal 3 QQI Teastas i bhFoghlaim Ghinearálta
Mórdhámnachtain: 3 mac léinn / Teastas Comhpháirte: 3 mac léinn.
- Leibhéal 4 QQI Scileanna Miondíolta An chéad bhliain den chúrsa dhá bhliain déanta.
- Leibhéal 5 QQI Cúram agus Oideachas na Luath-Óige
Mórdhámnachtain: 5 mac léinn / Teastas Comhpháirte: mac léinn amháin.
- Leibhéal 6 QQI Cúram agus Oideachas na Luath-Óige
Mórdhámnachtain: 4 mac léinn / Teastas Comhpháirte: 6 mac léinn.

Clár & Tionscnaimh:

Ba í seo an chéad bhliain acadúil a raibh Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhóinteach Mílic ina ionad 25 áit. Ghlac an tIonad páirt i roinnt clár creidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe i rith 2015 lena n-áiríodh:

Clár Thionscnamh um Riachtanais Speisialta Oideachasúla (TRSO) Mar gheall ar TRSO bhí clár meantóireachta ar fáil go gach mac léinn an ionaid. Is trí sheisiúin mheantóireachta agus trí phleananna gnímh aonair a d'éirigh linn dul i ngleic le bunspríocanna oideachasúla, pearsanta agus gairmiúla.

An Clár Litearthachta & Uimhreachta – Rinneadh mic léinn a mheas san ionad trí mheán BKSB agus WRAT4. Cumadh agus dearadh nuachtlitir na mac léinn faoi stiúir choiste na mac léinn rud a chabhraigh le forbairt agus a chuir béim bhreise ar litearthacht san ionad.

Clár Scileanna Saoil – Cuireadh é seo ar fail trí raon na gcúrsaí creidiúnaithe san ionad ar nós forbairt phearsa agus idirphearsanta, éifeachtúlacht phearsanta, cumarsáid, teicstílí agus fabraicí srl.

Díríodh ar bhun-idirghabhaileacha sonracha maidir le buncheisteanna ar nós mí-úsáid agus drochúsáid substaintí, folláine mhothúcháinach agus caidrimh theaghlaigh agus phobail a fheabhas trí úsáid a bhaint as saineolas gníomhaireachtaí seachtracha ar nós Tionscadail Athstíúrtha an Gharda Síochána, Páirtnéireacht Spóirt na Laoise agus Sláinte Intinne Éireann.



D'fhreastal foghlaimeoirí ar cheardlann CV/Cuardaithe Poist agus ar Thaispeántas Gairme. Ba í an aidhm foghlaimeoirí a ullmhú don saol oibre. Bhí comhairle ar faile maidir le conas CV a fhorbairt mar aon le leideanna agus teicnící don saol oibre agus an deis ann saineolas a fhail ó dhaoine gairmiúla maidir le hagallaimh agus le tacaíocht ghairme.

Gnóthachtála Eile:

Taithí oibre:

Ghlac na mic léinn go léir páirt i dtaithe oibre chéimneach agus í bainteach lena gcúrsa creidiúnaithe san ionad.

An Clár Sláinte agus Aclaíochta:

Rinne Ionad Fóillíochta Chúil an tSúdaire nasc leis an ionad chun cabhrú le clár sláinte agus aclaíochta 6 seachtaine a thacú agus a threorú. D'éascaigh sé seo le roinnt torthaí foghlama na gcúrsaí creidiúnaithe.

- Rinneadh tionscadal na n-ealaíon cruthaitheach a léiriú i gcomhthionscnamh leis an dteach altranais áitiúil, Ospidéal Naomh Uinseann. D'oibrigh na mic léinn le daoine aosta thrí mheán na healaíne agus an dearaidh uair sa tseachtain i seomra teiripe na roinne. Ghlac na mic léinn páirt i suathaireacht láimhe a ofráil do dhaoine aosta i seomra na gcéadfaí sa teach altranais. Ba scil í a d'fhoghlaim siad le linn cheann dá n-ábhair chreidiúnaithe. Bhí teagmháil rialta ag Clár Cheoil an Ionaid leis an teach altranais trí pháirt a ghlacadh in eachtraí um Nollaig agus um Lá Fhéile Pádraig.
- Ghlac seachtar mac léinn páirt i gcúrsa Pas Sábháilte agus d'éirigh leo é a bhaint amach, lorg 3 mac léinn fostaíocht ina dhiaidh.
- Eagraíodh turas iasachta go dtí an Iodáil in 2015. Thaisteal 5 mac léinn ó Ógtheagmháil Mhóinteach Mílíc go Loch Garda san Iodáil ar thuras 4 lá a chuimsigh suíomhanna in Verona, in Milano agus in Loch Garda. I measc na n-eochairsbileanna a cuireadh béim orthu bhí: taighde a dhéanamh ar an gceann scríbe, gníomhaíochtaí le déanamh ansin, cineálacha bia, buiséad a ullmhú don turas agus conas cur isteach ar phas.
- Ghlac an t-ionad páirt in go leor eachtraí maoinithe i rith na bliana. Mar shampla, Roghnaigh comhairle na mic léinn Carthanas Oispíce na Laoise mar charthanacht an Ionaid agus spreag agus d'eagraigh na mic léinn na foghlaimeoirí eile, an fhoireann agus an pobal chun seanéadaí, leabhair, troscán srl a dheonadh. Díriodh ar eochairsbileanna ar nós: ceannaireacht & eagrúchán, ar tharmligean agus ar chumarsáid.
- D'eagraigh an t-ionad maidin chaife agus chiste do thuismitheoirí mar aon le lá idirghníomhaireachta chun teagmhálacha agus naisc a dhéanamh le clanna agus muintir na háite.

Oiliúint Foirne

Cuireadh oiliúint ar fáil cibé mar ghrúpa iomlán nó mar bhall foirne eile do phearsanra ag obair sna hearnálacha: Oiliúint ar Chosaint Leanaí, Caint Shábháilte, Feasacht ar Dhíléicse, CDTI, Oiliúint GAISCE, Oiliúint ar Aireachas, treoirínte do Tús Áite do Leanaí, Oiliúint ar Thaithí Oibre.

Ionad Breisoideachais agus Traenála Chúil an tSúdaire

Stráid Bhreac-chluana, Cúil an tSúdaire, Co. na Laoise

Teagmháil: Máiréad Ní Mhuirín Teil: 057 8623161 Rphost: portarlingtonfet@loetb.ie

Ofrálann Ionad Breisoideachais agus Traenála Chúil an tSúdaire idir chúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha. Is í Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG) an bhunchlár don lucht dífhostaithe fadtéarmach agus tá an soláthair páirtaimseartha maoinithe ag an Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas (TFAO). Tá 40 áit san ionad.

Mic léinn:

Lánaimseartha: 45 / Páirtaimseartha: 98

Is páirtneir faofa Theicneoirí Cuntasaíochta na hÉireann é an tIonad don bhliain acadúil 2015/2016.

Is Ionad Oiliúna Deimhnithe ag Sage i gcomhpháirt le Teicneoirí Cuntasaíochta na hÉireann é.

Clár neamh QQI • ATI Bliain 1 L6 • ATI Bliain 2 L6

Cúrsaí

- Cúram Sláinte L5
- Staidéar gnó L5
- Cúram agus Oideachas na Luath-Óige L5
- Oideachas Ginearálta L4
- An Ardteistiméireacht
- Creidiúnú
- 18 dteastas Comhpháirte in Oideachas Ginearálta ag Leibhéal QQI 4.
- 9 Mórdhámhnachtain i bhFoghlaim Ghinearálta ag Leibhéal QQI 4.
- 14 dteastas Comhpháirte i dTacaíocht le Cúram Sláinte ag Leibhéal QQII 4.
- 14 Mórdhámhnachtain i dTacaíocht le Cúram Sláinte ag Leibhéal QQI 5.
- 5 Theastas Comhpháirte i Staidéar Gnó ag Leibhéal QQI 5.
- 8 Mórdhámhnachtain i Staidéar Gnó ag Leibhéal QQI 5
- 9 dTeastas Comhpháirte QQI ag Leibhéal ECCE 5.
- 11 Mórdhámhnachtain QQI ag Leibhéal ECCE 5.
- Creidiúnú Neamh QQI
- 11 Theastas i dTeicneoir Cuntasaíochta
- 6 Theastas Dioplóma i dTeicneoir Cuntasaíochta
- ROS 11 Ardteistiméireacht

Gnóthachtála Eile:

Bhain Ms Lorraine Nic Thomáis, mac léinn i dTeicneoir Cuntasaíochta an 5ú áit amach sa Scrúdú Náisiúnta do Theicneoirí Cuntasaíochta na hÉireann. D'éirigh mac léinn na hArdteistiméireachta 3 "A" a bhaint amach ina thorthaí scrúduithe.



Ionad breisoideachais agus Oiliúna Phortlaoise

Cnoc an Túir, Port Laoise, Co. na Laoise

Teagmháil: Caitlín Ní Dhuinn Teil: 057 8623161

Ofrálann Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Phortlaoise raon cuimsitheach idir chúrsaí Páirtaimseartha agus Staidéar Lánaimseartha, a bhfuil deiseanna ann dul ar aghaidh go hardoideachas, oiliúint nó fostaíocht. Seirbhís um Threoir agus Eolais san Oideachas Aosach, Seirbhís Litearthachta d'Aosaigh, Seirbhís um Oideachas Comhphobail agus scileanna chun oibre.

Ta roinnt cúrsaí táille ar fáil san ionad idir chúrsaí caitheamh aimsire agus chúrsaí QQI leibhéal 5 & 6.

I gcomhpháirt leis an bhForas Riaracháin ofrálann Ionad For-rochtana Tríú Leibhéal na Laoise Céim Ealaíne (Onóracha) i mBainisteoireacht Phoiblí NFQ Leibhéal 8 san Ionad atá creidiúnaithe ag COBÁC ar bhonn páirtaimseartha.

Mic Léinn:

1,499

Seirbhísí ar fáil in Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Phortlaoise:

- An tSeirbhís um Threoir agus Eolas d'Aosaigh - AEGIS
- Oideachais sa Chomhphobal
- Seirbhís Litearthachta
- Tionscnamh Filleadh ar Oideachas – TFAO
- Seirbhís Réigiúnach um Scileanna Chun Oibre

Cúrsaí ar fáil in Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Phortlaoise:

LITEARTHACHT

- Litearthacht duine ar dhuine
- Cúrsaí neamhchreidiúnaithe i litearthacht, in uimhreach agus i dTE
- Cúrsaí QQI leibhéal 1-3
- Scileanna chun oibre – cúrsaí chun uas-sciliú a thabhairt do dhaoine fostaithe
- DBA - Dianteagasc ar Bhunoideachas d'Aosaigh
- Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile – BCTE

OIDEACHAS POBAIL

- Cúrsaí neamhchreidiúnaithe réamhfhorbairte

TFAR

- Scileanna fostaíochta QQI Leibhéal 4
- Béarla don Ardteistiméireacht

CÚRSAÍ TÁILLE SAN OÍCHE

- Ealaín, Spáinnis, Beiriste agus cúrsaí caitheamh aimsire eile ag brath ar éileamh
- Cúrsa QQI leibhéal 5 & 6 Cúntóir Riachtanas Speisialta & Cúram do Dhaoine Aosta QQI leibhéal 5

Ionad um Oideachas Ógrais Phortlaoise

Sráid an Iarnróid, Port Laoise, Co Laoise

Teagmháil: Áine Ní Mhaoileoin Teil: 057 8681005/6 Rphost: portlaoiseyec@loetb.ie

Ofrálann an tIonad um Oideachas Ógrais Phortlaoise raon de roghanna do luathfhágáilithe scoile ag Leibhéal QQI 3 & 4 ar an gCNC. Is é cuspóir an chláir na croiscileanna foghlama a fhorbairt agus na mic léinn a ullmhú chun leanúint ar aghaidh le breisoideachas, le hoiliúint agus le fostaíocht.

Mic léinn:

25 mhac léinn; 16 Fir / 9 Mná.

Creidiúnú:

- Teastas i bhFoghlaim Ghinearálta QQI Leibhéal 3
Mórdhámnachtain: 4 mac léinn / Teastas Comhpháirte: 5 mac léinn.
- Scileanna miondíola QQI Leibhéal 4 bliain 1 as 2 bhliain déanta
An Ardeistiméireacht Fheidhmeach 4 mac léinn.

Cláir agus Tionscnaimh:

Osclaíodh an tIonad um Oideachas Ógrais Phortlaoise i mí Mheán Fómhair 2014. Mar chuid den fheabhsúchán ar an áitreabh rinneadh é a phéinteáil agus a mhaisiú agus rinneadh deisiúcháin ar an taobh istigh agus an taobh amuigh den fhoirgneamh.

Ghlac an tIonad um Oideachas Ógrais Phortlaoise páirt i roinnt clár creidiúnaithe agus neamhchreidiúinithe i rith 2014 lena n-áiríodh:

- Clár TRSO (Tionscnamh um Riachtanais Speisialta Oideachasúla) – a lig don ionad clár
- Meantóireachta a chur ar fáil do gach mac léinn san ionad. Is trí sheisiúin mheantóireachta rialta agus trí phlean gníomhaíochta don mhac léinn aonair a d'éirigh linn dul i ngleic le príomhspriocanna oideachasúla, pearsanta agus gairme.
- An Clár Litearthachta & Uimhreachta – Rinneadh mic léinn a mheas san ionad trí mheán BKSB agus WRAT4. Cumadh agus dearadh nuachtlitir na mac léinn faoi stiúir choiste na mac léinn rud a chabhraigh le forbairt agus a chuir béim bhreise ar litearthacht san ionad.



- Clár Scileanna Saoil – Cuireadh é seo ar fail trí raon na gcúrsaí creidiúnaithe san ionad ar nós forbairt phearsa agus idirphearsanta, éifeachtúileacht phearsanta, cumarsáid, teicstílí agus fabraicí srl.
- Díríodh ar bhun-idirghabhaileacha sonracha maidir le buncheisteanna ar nós mí-úsáid agus drochúsáid substaintí, folláine mhothúchánach agus caidrimh theaghlaigh agus phobail a fheabhsú trí úsáid a bhaint as saineolas gníomhaireachtaí seachtracha ar nós Tionscadail Athstiúrtha an Gharda Síochána, Páirtnéireacht Spóirt na Laoise agus Sláinte Intinne Éireann.
- D'fhreastal foghlaimeoirí ar cheardlann CV/Cuardaithe Poist agus ar Thaispeántas Gairme. Ba í an aidhm foghlaimeoirí a ullmhú don saol oibre. Bhí comhairle ar faile maidir le conas CV a fhorbairt mar aon le leideanna agus teicnící don saol oibre agus an deis ann saineolas a fháil ó dhaoine gairmiúla maidir le hagallaimh agus le tacaíocht ghairme.

Gnóthachtála Eile:

Ghlac seachtar mac léinn páirt i gcúrsa Pas Sábháilte agus d'éirigh leo é a bhaint amach, lorg 3 mac léinn fostaíocht ina dhiaidh.

Eagraíodh turas iasachta go dtí an Iodáil in 2015. Thaistéal 25 mac léinn go Loch Garda san Iodáil ar thuras 4 lá a chuimsigh suíomhanna in Verona, in Milano agus in Loch Garda. I measc na n-eochairsbileanna a cuireadh béim orthu bhí: taighde a dhéanamh ar an gceann scríbe, gníomhaíochtaí le déanamh ansin, cineálacha bia, buiséad a ullmhú don turas agus conas cur isteach ar phas.

Ghlac Ionad Ógtheagmhála Phortlaoise páirt i gcomórtas sacair réigiúnda Lár na Tíre. Ghlac an t-ionad páirt i ngach comórtas sacair bainteach leis na hionad Ógtheagmhála náisiúnta, comórtais laistigh seachtar-an-taobh agus an comórtas na hÉireann uile.

Ghlac an t-ionad páirt in go leor eachtraí maoinithe i rith na bliana. Mar shampla, roghnaigh comhairle na mac léinn Carthanas Oispíce na Laoise mar charthanacht an Ionaid agus spreag agus d'eagraigh na mic léinn na foghlaimeoirí eile, an fhoireann agus an pobal chun seanéadaí, leabhair, troscán srl a dheonadh. Díríodh ar eochairsbileanna ar nós: ceannaireacht & eagrúchán, ar tharmligean agus ar chumarsáid.

D'eagraigh an t-ionad maidin chaife agus chiste do thuismitheoirí mar aon le lá idirghníomhaireachta chun teagmhálacha agus naisc a dhéanamh le clanna agus muintir na háite.

Rinneadh an clár TFAR páirtaimseartha a fhorbairt thar 3 thráthnóna in aghaidh na seachtaine (clár réamh-Ógtheagmhála).

Oiliúint Foirne:

Cuireadh oiliúint ar fáil cibé mar ghrúpa iomlán nó do bhaill foirne ag obair go sonracha sna hearnálacha: QQI oiliúint agus forbairt, Oiliúint ar Chosaint Leanaí, Caint Shábháilte, Feasacht ar Dhisléicse, CDTI, Oiliúint GAISCE, Oiliúint ar Aireachas, treoirleá do Tús Áite do Leanaí, Oiliúint ar Thaithí Oibre.

Ionaid Oideachais na bPríosún

Ionad Oideachais Phríosún Lár na Tíre

Bóthar Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise

Múinteoir i bhFeighil: Deirdre Uí Dhúlaing

Teil: 057 8672171 Rphost: drdowling@ipsedu.ie

Ionad Oideachais Phríosún Phortlaoise

Bóthar Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise

Múinteoir i bhFeighil: Marc Caomhánach

Teil: 057 8672171 Rphost: makavanagh@ipsedu.ie

Cuireann BOO Laoise agus Uíbh Fhailí seirbhísí oideachais ar fáil i bpríosúin Phortlaoise agus Lár na Tíre. Cuirtear béim ar litearthacht, ar uimhreach agus ar bhunoideachas ginearálta a sholáthar agus cuirtear cláir oideachais leathana ar fáil lena nglactar cur chuige breisoideachais go ginearálta. Cuirtear cláir in oiriúint d'éagsúlacht dhaonra na bpríosúnaithe agus den chastacht a bhaineann le saol i bpríosún. Cuirtear cúrsaí an teastais shóisearaigh agus na hardteistiméireachta ar fáil chomh maith le cláir FETAC ó leibhéal 1 go leibhéal 6.

Mic léinn:

1,712.

Creidiúnú a fuarthas:

CREIDIÚNÚ QQI

- 30 Teastas Comhpháirte ag Leibhéal QQI 1
- 2 Teastas Comhpháirte ag Leibhéal QQI 2 / 2 Mhórdhámhachtain ag Leibhéal QQI 2
- 108 Teastas Comhpháirte ag Leibhéal QQI 3/1 Mhórdhámhachtain ag Leibhéal QQI 3
- 240 Teastas Comhpháirte ag Leibhéal QQI 4
- 22 Teastas Comhpháirte ag Leibhéal QQI 3 / 1 Mhórdhámhachtain ag Leibhéal QQI 5
- Scrúduithe Bhord Comhlachaithe an Cheoil go leibhéal 6
- Leibhéal 2: 6 Mhodúl – 28 bportfóilió
- Leibhéal 3: 14 Mhodúl – 59 bportfóilió
- Leibhéal 4: 3 Mhodúl – 5 phortfóilió
- Leibhéal 5: 15 Mhodúl – 23 phortfóilió

CREIDIÚNÚ EILE

- Comhaltas ceoltóirí Éireann – 6 Foghlaimeoirí: Ceol
- Cumann na nOifigí Sláinte Chomhshaoil – 10 bhfoghlaimeoirí - bunchúrsa i Sláinteachas Bia
- An Teastas Sóisearach 2015 – 1 Foghlaimeoir – Ábhar: Matamaitic
- An Ardeistiméireacht 2015 4 Foghlaimeoirí – Ábhair: Béarla agus Staidéir Ghnó
- An Coláiste Oscailte - 4 Foghlaimeoirí
- An Ollscoil Oscailte - 8 Foghlaimeoirí
- Ord Mhálta – 17 bhFoghlaimeoir – Garchabhair
- An Chros Dhearg – 15 Fhoghlaimeoir – Clár na Croise Deirge
- Rac-scoil – 3 Foghlaimeoirí: Ceol
- Acadamh Ceoil Ríoga na hÉireann – 5 Foghlaimeoirí: Ceol



loetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí
Laois and Offaly
Education and Training Board

Seirbhísí Traenála

BOOLUF, Oifig Riaracháin, Bóthar an Iomaire, Port Laoise, Co. Laoise

Teagmháil: Pádraig Ó Beolláin. Bainisteoir Oiliúna

Teil: 057 861530 Rphost: pboland@loetb.ie

De réir an Achta Bhreisoideachais agus Oiliúint 2013, cuireadh tús leis na seirbhísí oiliúna réigiúnacha a bhíodh á ndéanamh ag Fás agus ag Solas ina dhiaidh sin, a aistriú go BOOLUF i dtreo dheireadh 2015. Faoi láthair tá SOLAS freagrach as oiliúint agus as breisoideachas a mhaoiniú, a phleanáil agus a comhordú agus beidh na BOOanna freagrach as oiliúint agus breisoideachas a sheachadadh agus beidh sé de chumhacht acu dul i bpáirtnéireacht le soláthraithe oideachais agus oiliúna eile nó seirbhísí a chur ar fáil dóibh. In 2015 thosaigh BOOLUF ar raon leathain oiliúna a chur ar fáil do raon éagsúil cliant lena n-áiríodh iad siúd ag bhí ag lorg fostaíochta den chéad uair, iad a bhí ag filleadh filleadh chun oibre, iad a bhí ag lorg athrú poist, iad a bhí ag lorg uas-scileáil nó scileanna nua, iad a bhí ag athrú a ngairmeacha, daoine a raibh míchumas orthu agus luathfhágáilithe scoile.

Déanfaidh LOETB oiliúint a sheachadadh tríd a chúig réimse freagrachta: réimsí ar leith ach a bhfuil idirnasc eatarthu;

Oiliúint trí chonradh

Teagmháil: Yvonne Foy, Oifigeach Oiliúna, Oiliúint trí Chonradh

Teil: 057 8671543 Fón Póca: 085 8773741 Rphost: yfoy@loetb.ie

Is uirlis sholúbtha agus fhreagrúil í Oiliúint trí chonradh agus úsáidtear í chun seachadadh an phlean seirbhíse um Bhreisoideachas agus Oiliúint laistigh de Co. Laoise agus Co. Uíbh Fhailí a éascú. Cuirfear an Soláthar Oiliúna faoi Oiliúint trí chonradh in oiriúint don margadh fostaíochta laistigh den dá Chontae, do riachtanais sonracha an luchtá dífhostaithe, dóibh siúd nach bhfuil lánfhostaithe agus dóibh siúd a bhfuil scileanna nua nó uas-scileáil ag teastáil dá bhfostaíocht.

Is trí oiliúint trí chonradh a dhéanfar gach cuid den oiliúint tosaigh ag an Ionad Náisiúnta um Oiliúint Tógála agus cuirfidh BOOLUF oiliúint trí chonradh ar fáil ar fud Co. Laoise agus Co. Uíbh Fhailí a:

- Fhreagróidh do dheiseanna fostaíochta agus do riachtanais gnóthaí áitiúla m.s. tacaíocht do chúram sláinte, miondíolacháin.
- Fhreagróidh do riachtanais tionscail agus a bhainfidh an méid is mó úsáid as an Ionad Náisiúnta um Oiliúint Tógála i Sliabh Lúcais.
- Fhreagróidh do riachtanais daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach.

A chuirfidh le comhtháthú an bhreisoideachais agus oiliúna – cláir oiliúna trína dtabharfar réamheolas gearrthéarmach ar chlár ghairme a dtabharfaidh slí eile isteach ar fhostaíocht.



loetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí
Laois and Offaly
Education and Training Board

Printíseachtaí

Teagmháil: Sandra Doyle, Oifigeach Oiliúna, Seirbhísí Printíseachta agus Fostóra

Teil: 057 8671545 Fón póca: 085 8598413 Rphost: sdoyle@loetb.ie

Is í printíseacht an bealach trína gcuirtear oiliúint ar dhaoine chun bheith ina n-oibrithe ceirde. I ndiaidh printíseacht a bhaint amach, bronntar ardteastas QQI Leibhéal 6. I mí Iúil d'fhógair an rialtas pleananna chun 25 chlár printíseachta nua a fhorbairt, rud a chuirfidh leis an 27 glár atá ann cheana féin.

Go ginearálta is córas modúlach bunaithe ar chaighdeán é an córas printíseachta ina mbíonn 7 rechéim oiliúna agus forbartha ag an obair agus lasmuigh den obair. Is éard atá i gceist 3 chéim ag an obair agus 4 chéim lasmuigh den obair. De ghnáth ní sháraítear 40 seachtain leis na céimeanna lasmuigh.

Riachtanais Iontrála:

Ní mór don iarrthóir:

- Grád D i gcúig ábhar i Scrúdú Theastas Sóisearach na Roinne Oideachais agus Scileanna nó a chomhionann faofa a bhaint amach nó:
- Cúrsa réamhphrintíseachta faofa a bheith bainte amach nó:
- A bheith os cionn 18 mbliana d'aois agus 3 bliana ar a laghad de thaithí oibre faofa ag SOLAS a bheith bainte amach

Oiliúint Chomhphobail

Teagmháil: Lisa Nic Fhiodhbhuí, Oifigeach Oiliúna, Seirbhísí Comhphobail

Teil: 057 8671542 Fón Póca: 085 8867945 Rphost: lmcevoy@loetb.ie

Ionad Oiliúna an Chomhphobail

Oibríonn BOOLUF i bpáirtneireacht le hIonad Oiliúna an Chomhphobail, Tulach Mhór (IOC) chun oiliúint bunaithe sa chomhphobail a chur ar fáil do luathfhágáilithe scoile mar chuid den chlár ógtheagmhála náisiúnta. Is eagraíochtaí neamhspleácha bunaithe sa chomhphobail iad na hIonaid Oiliúna Chomhphobail a chuireann oiliúint agus tacaíochtaí gaolmhara ar fáil do luathfhágáilithe scoile go príomha idir 16 – 21 bliain d'aois a d'fhág an scoil gan cáilíochtaí foirmiúla ná iomlána acu.

An Tionscnamh Oiliúna Áitiúil (TOA)

Is clár bunaithe sa chomhphobal é clár TOA agus é dírithe ar dhaoine idir 16-25 bliain d'aois atá faoi mhíbhuntáiste go heacnamúil, go sóisialach, go tíreolaíoch nó go hoideachasúil. Is í aidhm ghinearálta an chláir TOA cabhrú le daoine dífhostaithe, nach dtagann faoi choimirce chláir eile BOOLUF, chun a ndeiseanna fostaíochta a fheabhsú trí oiliúint bunaithe sa chomhphobail agus taithí oibre lena mbaineann cáilíochtaí ata aitheanta go náisiúnta a chur ar fáil. Tá Conradh ag Comhlacht um Forbairt Áitiúil, Uíbh Fhailí (mar chonraitheoirí tánaisteacha) na cláir TOA a sheachadadh i mBiorra, i mBeannchar agus in Éadan Doire agus tá BOOLUF ag obair le Comhlacht Páirtneireachta Co. Laoise chun an dá TOA a forbairt i gCo.Laoise.

An Clár Oiliúna Speisialaithe

Tá Conradh ag an nGréasán Foghlama Náisiúnta le BOOLUF chun cláir oiliúna do dhaoine a bhfuil míchumas orthu a chur ar fáil. Tugtar tacaíocht níos déine trí na cláir seo ná mar atá ar fáil trí sholáthair neamh-speisialaithe. Agus é ag feidhmiú as a Ionaid Oiliúna i bPort Laoise agus sa Tulach Mhór cuireann an GFN raon cúrsaí speisialaithe ar fáil ag dhá leibhéal oiliúna: oiliúint ar scileanna tosaigh (OST) agus oiliúint ar scileanna ar leith (OSL). I measc na hoiliúna speisialaithe tá oiliúint intí, oiliúint ag an ionad oibre agus cuir chuige measctha chun freastal ar riachtanais foghlama na bhfoghlaimeoirí.



An tIonad Náisiúnta um Oiliúint Tógála – Sliabh Lúcais

Teagmháil: Seá Ó Ceallaigh, Bainisteoir an Ionaid, An tIonad Náisiúnta um Oiliúint Tógála
Teil: 01 533 2557 Fón Póca: 085 8598412 Rphost: jkelly@mountlucas.ie

Tá BOOLUF ag glacadh le freagracht bhainistíochta as an tIonad Náisiúnta um Oiliúint Tógála i Sliabh Lúcais. Faoi láthair ag an ionad, díreann go príomha ar Thicéid don Scéim Dheimhniúcháin na Scileanna Tógála (SDST) agus ar iad a aistriú go macasamhail na RA (SIGT)/ ar FSS (Pas sábháilte an RA). Is é an t-Ionad an t-aon Ionad atá údaraithe chun freastal ar na trí riachtanas atá leagtha amach ag BOTT UK dóibh siúd ata ag iarraidh scileanna sonracha gléasra óna gcárta SDST Éireannach a aistriú go macasamhail chárta SIGT na RA, rud a theastaíonn chun gléasra agus innealra a oibriú trasna na Ríochta Aontaithe.

Mar aon leis an gclár aistrithe SDST – SIGT. is é an tIonad Oiliúna i Sliabh Lúcais an t-aon ionad sa tír ina bhfuil seirbhísí tástála do Mheasúnóirí/Oiliúnóirí ar fail. Ní mór dóibh siúd a bhfuil suim acu bhith mar theagascóirí SDST an clár Measúnóir/Oiliúnóir a bhaint amach ar dtús.

Scéim Dheimhniúcháin na Scileanna Tógála (SDST)

Ta foráil sa Scéim Dheimhniúcháin na Scileanna Tógála d'oiliúint, measúnú, deimhniúchán. agus clárúcháin d'oibrithe neamhcheirde san earnáil tógála.

Scéim Inniúlachta um Ghléasra Tógála (SIGT)

Mar chuid den phróiseas comhaitheantais idir an RA agus Éirinn in 2014, tugadh riachtanais sonracha isteach do gach scil roimh a mbeadh cead ag duine ticéid a aistriú. Freastalaíonn an tIonad ar gach ceann den trí riachtanas.

Oiliúint:

Rachaidh BOOLUF i gcomhairle le páirtithe leasmhara san earnáil tógála, lena n-áirítear Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CTF), chun a chinntiú go bhfreastalóidh cláir nua oiliúna ar riachtanais an tionscail agus go bhfuil siad nasctha le deiseanna fostaíochta amach anseo.

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thulach Mhór

Foirgnimh an Chaisleáin, An Tulach Mhór, Co Uíbh Fhailí

Teagmháil: Michelle Ní Shancháin, Bainisteoir Ionad BO Thulach Mhór

Teil: 057 9349424 Fón Póca: 085 2538600 Rphost: tullamorefet@loetb.ie

Ofrálann Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thulach Mhór raon cuimsitheach idir chúrsaí Páirtaimseartha agus Staidéar Lánaimseartha, a bhfuil deiseanna ann dul ar aghaidh go hardoideachas, oiliúint nó fostaíocht. Tá raon seirbhísí ar fáil don phobal idir tacaíocht litearthachta, treoir d'aoisigh, agus cúrsaí páirtaimseartha agus lánaimseartha thar raon leathan ábhar. In 2015 bhí raon clár QQI ó leibhéal 1 go 6 ar siúl san ionad mar shampla:

- Bunchláir litearthachta agus uimhreachta
- Ranganna BCTE
- Cláir TE
- Cláir an teastais shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta
- Cúrsaí fóillíochta neamhchreidiúnaithe
- Scileanna Fostaíochta
- Tacaíocht Chúram Sláinte
- Staidéar Altranais
- Cúram leanaí
- Oibríochtaí Bialainne
- Staidéir Ghnó

Cuireadh tús le trí chúrsa nua Iar-Ardteistiméireachta leibhéal 5 ag Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thulach Mhór:

- 1) Córais Ríomhairí agus Gréasáin
- 2) Eolaíocht Fheidhmeach
- 3) Teicneolaíocht Innealtóireachta

D'fhreastal 33 mhac léinn Lánaimseartha agus 2327 mac léinn Páirtaimseartha ar Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thulach Mhór in 2015.



loetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí
Laois and Offaly
Education and Training Board

SDOG Thulach Mhór

Foirgnimh an Chaisleáin, An Tulach Mhór, Co Uíbh Fhailí

Teagmháil: Eibhlín Ní Chionaodha-Ní Choinn Teil: 057 9323560 Rphost: ekennaquinn@loetb.ie

Líon na mac léinn:

Eanáir – Meitheamh 2015: Ardteistiméireacht – 15, Teastas Sóisearach – 15

Meán Fómhair – Nollaig 2015: Ardteistiméireacht – 15, Teastas Sóisearach – 11

Cúrsaí ar fail:

- Ardteistiméireacht: Béarla, Mata, Bitheolaíocht, Ceimic, Fisic, Gnó, Ealaín
- Teastas Sóisearach: Béarla, Mata, Eolaíocht, Gnó
- QQI Leibhéal 4: Teicneolaíocht Faisnéise, Feidhmchláir Ríomhaireachta, Próiseáil Focal, Scarbhileoga

Creidiúnú:

- Rinne 13 mhac léinn an Ardteistiméireacht in 2015:
Rinne mac léinn amháin ábhar amháin
Rinne 9 mac léinn 4 ábhar
Rinne 3 mac léinn 3 ábhar
- Rinne 4 mac léinn scrúdú Fisice an Teastais Shóisearaigh agus rinne 3 an scrúdú Ceimice
- Rinne 13 mac léinn 4 ábhar sa Teastais Shóisearach agus rinne beirt mac léinn 2 ábhar sa TS.
- Bronnadh gradaim QQI leibhéal 4 ar 16 mhac léinn.

Cláir agus Tionscnaimh:

I rith na bliana d'fhreastal na mic léinn ar an iomaí turas allamuigh: Taispeántas na nEolaithe Óga, Laethanta oscailte ag ITA agus Má Nuad, Dráma i Móinteach Mílic, An Cláirín agus Amharclann an Gaiety, Feirm Ghaoithe Shliabh Lúcais, Aillte an Mhothair, Loch na Buaráí, Turas Éiceolaíochta go hIonad Oideachais Allamuigh Biorra.

Dul ar aghaidh:

Chuaigh 100% de mhic léinn na bliana seo ar aghaidh go hOideachas Breise, 10 mac léinn go ITA, 1 go coláiste an Mhóta, agus 2 go cúrsaí IA le BOOLUF.



MÍR 4
Seirbhísí Óige



Seirbhísí na hOibre don Ógra

Feidhmíonn Seirbhísí na hOibre don Ógra BOOLUF faoi réir Alt 10 (j) den Acht Um Boird Oideachais Agus Oiliúna, 2013 arna sainmhíniú “chun tacú le soláthair, comhordú, riaracháin agus measúnú na seirbhísí don ógra ina limistéar feidhme”

I gcomparáid leis an tír ina hiomlán, is i gcomhthéacs ar léith a chomhlíonann BOOLUF a ról- níl ach trí thionscadal don óige maoinithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, dhá réigiún Foróige ar leith, dhá eagraíocht réigiúnda ar leith de chuid Obair d’Ógra Éireann do gach grúpa aonadach.

Is é an comhthéacs sin an fachtóir is mó maidir le cad air a dhírítear obair na nOifigeach don Ógra.

Os rud é go bhfuil easpa mhór tionscadal maoinithe don ógra agus ganntanas oibríthe gairmiúla lánaimseartha don ógra, ní mór an luach is mó a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil sa dá chontae. Mar sin i gcás cuid mhór d’obair Oifigeach don Ógra, bhí orainn dul i bpáirtnéireacht le roinn soláthraithe seirbhíse a bhfuil féidearthachtaí lena gcláir cur le spriocanna oibre don Ógra i Co. Laoise agus Co. Uíbh Fhailí;

- **Tionscadal Jigsaw** – Ball d’fhoireann bhainistíochta Jigsaw a dhíríonn ar shláinte intinne dhearfach a chomhtháthú mar chuid lárnach den soláthair seirbhíse a bhaineann le hObair don Ógra.
- **Comhairle na nÓg sa dá chontae** – ball den coiste stiúrtha agus éascaitheoir den choiste feidhmeach a dhíríonn ar choiste don ógra atá ionchuimsitheach, ionadaíoch agus forbartach.
- **Coiste Stiúrtha d’Iompar Comhphobail** – ball den ghrúpa seo a dhíríonn ar sholáthair iompair chuig imeachtaí agus chuig fóraim don ógra chomh maith le soláthar iompair chuig áiseanna sonracha don ógra in áiteanna a bhfuil easpa seirbhísí iompair ina bac ar rannpháirtíocht.
- **Tionscnamh um Thógáil Comhphobail Shláintiúla** – ball den choiste stiúrtha seo a dhíríonn ar an óige a chomhtháthú le Próisis Phleanála Comhphobail leathan i gcomhphobail ar fud an chontae a ghlacann leis an gcur chuige ionchuimsitheach agus páirtnéireach maidir le forbairt chomhphobail.
- **Ballraíocht den Ghrúpa Stiúrtha/Comhairleach um Thionscadail don Óide** atá faoi mhíbhuntáiste – a dhíríonn thacaíocht agus cúnamh a thabhairt chun an fiúntas is fearr a bhaint amach as acmhainní in earnáil an Óige atá faoi bhrú agus ar thionscadail a théann i ngleic le riachtanais a spriocghrúpaí sonracha a thacú.
- **Obair le cuideachta “Forbairt Áitiúil Uíbh Fhailí” agus Páirtnéireacht Laoise** – a dhíríonn ar ghrúpaí don ógra a chuimsiú i dtionscadail agus i gcláir agus ar a dtionscnaimh don ógra a thacú. Soláthraítear oiliúint ar obair leis an óige chomh maith d’oibríthe forbartha chomhphobail in Uíbh Fhailí chun obair don ógra a chomhtháthú le hionchuimsitheacht sóisialta agus le hobair forbartha chomhphobail.
- **Ball boird le Páirtnéireacht Spóirt Laoise & Uíbh Fhailí** – a dhíríonn ar spórt mar uirlis forbartha a chomhtháthú le tionscadail don ógra chomh maith le fealsúnacht agus cur chuige obair don ógra a úsáid i gcomhthéacs spórtúil.

- Obair le soláthraithe seirbhísí deonacha d'obair don ógra chun dul i mbun Comhairliúcháin Chomhphobail le cruinnithe pleanála agus seisiúin eolais i gcomhphobail ina ndiaidh agus an aidhm acu ná freastal cuí ar riachtanais na ndaoine óga áitiúla a chur i bhfeidhm.

Tugtar faoi fheidhm mheasúnaithe BOOLUF go príomha trí creatlacha na gcaighdeán náisiúnta chun seirbhísí ar ardchaighdeán don ógra a chinntiú agus a bhreisiú. Bunaíodh Creatlach Náisiúnta na gCaighdeán Cáilíochta (CNCC) in 2011 le haghaidh obair foireann-stiúrtha don ógra atá maoinithe ag an Roinn. Is uirlis tacaíochta agus forbartha í seo lena ndéantar obair don ógra a athbhreithniú agus í a mheas agus a chabhraíonn le forbairt leanúnach seirbhísí. Oibríonn BOOLUF i bpáirtneireacht le hObair don Ógra Éireann, Gluaiseacht Taistealaithe Uíbh Fhailí, agus Seirbhís Óige Lár na Tíre chun CCNC a chomhtháthú le croí-obair na dTionscadail Speisialta um Dhaoine Óga faoi Mhíbhuntáiste (TSO) seo ina limistéar. Díriodh an obair sin in 2015 ar athbhreithniú agus ar uasdátú a dhéanamh ar Phleananna Feabhsúcháin Leanúnacha. Bhí comhairliúchán Foirne/Boird/Cliaint mar chuid de chomh maith agus roinnt oiliúna boird i gcas Obair don Ógra Éireann Laoise.

Ag leanúint ar dhianoiliúint agus ar thógáil feasachta i rith 2014 ar Chaighdeán Náisiúnta Cháilíochtaí do Ghrúpaí don Ógra Deonach-Stiúrtha, díriodh i mbliana ar ghrúpaí don ógra nua chun a chinntiú go raibh siad feasach ar agus oilte sna caighdeán agus go raibh aon ghrúpa a bhí ag lorg Deontas do Chlubanna Óige ag glacadh páirte i dTionscnamh na gCaighdeán Cáilíochtaí.

Scéim Dheontais na gClubanna Óige Áitiúla

Tugtar tacaíocht ag leibhéal áitiúil do ghníomhaíochtaí clubanna óige trí Scéim Dheontais na gClubanna Óige Áitiúla (SDGOI). Déantar an Scéim, a thugann deontais chun clubanna a rith, a pháirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta. Is tríd an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a mhaoinítear an scéim agus déanann na Boird Oideachais agus Oiliúna áitiúla an maoiniú a riaradh ar son na Roinne.

Tacaíonn an Scéim le gníomhaíochtaí clubanna óige deonacha do dhaoine óga agus tosaíocht a tabhairt do dhaoine óga idir 10 agus 21 bliain d'aois. Díritear go príomha ar chabhair a thabhairt do chlubanna óige deonacha áitiúla a fhreastalaíonn ar dhaoine ógra trí obair don ógra. Mar aon leis seo tá clubanna/grúpaí a n-oibríonn le daoine óga ach nach ndéanann obair don ógra go saineúil i dteideal chomh maith cur isteach ar mhaoiniú faoin scéim seo.



Deontais do Chlubanna óige Áitiúla a bronnadh in 2015

Mainistir na Laoise/Cill Dara Maí	€400	CumannForbartha Mhóinteach Mílíc.....	€1,100
Club Óige Radharc an Ardáin	€600	Cara-chumann na gCailíní Mhaighean Rátha	€500
Club Foróige Bhéal Átha Chomair.....	€700	1ú Gasóga Laoise	€600
Club Foróige Bheannchair.....	€800	Grúpa Banóglach Mossie	€800
Club Foróige Bhaile na Mír	€650	2ú Gasóga Laoise Ráth Domhnaigh.....	€700
Tionscadal Ceoil an Óige Bheannchair	€700	Ionad Cumair Gan Teorann	€1,100
Club Óige Bhiorra	€500	Amharclann na nÓg Uíbh Fhailí.....	€800
Bóinní Dé Bhuirios.....	€700	Port Coder Dojo	€1,100
Club Óige Bhuirios Mór Osraí.....	€800	Caifé Óige Phortlaoise.....	€1,100
Club Foróige an Chlochain.....	€700	Club Óige Chúl an tSúdaire	€700
Club Óige Chlóirthigh	€650	Banóglach Ráth Domhnaigh	€800
Club Óige Chluanacha Dubha.....	€600	Foróige Ráth an Uisce.....	€800
Club Foróige Chruacháin.....	€500	Club óige Ráth an Domhnaigh	€800
Club Óige an Chrosaire.....	€900	2ú Gasóga Uíbh Fhailí Chlóirthigh.....	€700
Club Óige Dhaingin	€700	Club Foróige Shuí an Róin.....	€800
Club Foróige Daredevils	€550	Ionad Óige Naomh Mhuire.....	€1,100
Club Foróige Dharú/Thulach Mhór	€500	Club Óige Naomh Chiaráin.....	€600
Donnóga Dhún Másc	€500	1ú Briogáid na mBuachaillí Ghéisille agus Chill	
Cara-chumann na gCailíní Éadan Doire.....	€400	Achaidh	€350
Complacht 1 Briogáid na mBuachaillí Éadan Doire ...	€350	Ionad Óige Shráidbhaile	€1,000
Club Óige Éadan Doire	€1,100	Caife Óige "An Spota"	€700
Club Foróige na hEaglaise & an Rátha	€500	Club Óige Swan	€950
Grúpa Óige Íoma.....	€850	4ú Gasóga Laoise	€700
Club Foróige Sóisearach agus Idirmheánach		Donnóga na Tríóige	€800
Chomhphobail na Gailinne	€900	Gasóga Thulach Mhór.....	€600
Cara-chumann na gCailíní Bhiorra	€400	Banóglach Thulach Mhór.....	€700
Club Óige Jordan Juniors	€300	Club Óige Bhaile an Bhiocaire	€750
Club Óige Chill Chluana Fearta/Cill Mhuire	€600	Club Óige Inis na mBreathanach.....	€500
Scoil Cheoil Laoise.....	€1,100	YW Gréasán Deonach	€1,000
Club Foróige Lusmhaí	€600	lomlán.....	€40,700

In 2015, thacaigh Scéim Deontas na gClubanna Óige Áitiúla (SDCDO) le 57 gclub deonach (3,028 duine óg) i Laois agus in Uíbh Fhailí.



MÍR 5

Struchtúr Eagrúcháin agus Rialachais



Rialachas Corparáideach

Tá BOOLUF faoi smacht Boird, a bhfuil ionadaithe a phríomhpháirtithe leasmhara mar bhaill de, mar a leagtar amach san Acht um Boird Oideachais Agus Oiliúna, 2013. Tugtar tacaíocht don bhord trína choistí éagsúla agus trí bhoird bhainistíochta a scoileanna agus a ionaid. Tugtar tacaíocht don Phríomhfheidhmeannach, atá freagrach as bhainistíocht fheidhmeach an BOO, trí struchtúr cuimsitheach riaracháin na réimsí tábhachtacha lena n-áirítear Airgeadas, Soláthar, Acmhainní Daonna, agus seirbhísí Corparáideacha.

Cé go bhfanann freagracht foriomlán as feidhmiú an Bhoird leis an bPríomhfheidhmeannach, tá Stiúrthóir an Bhreisoideachais, Stiúrthóir na Scoileanna, Príomhoide na Scoileanna, Oifigeach don Óige, agus Bainisteoirí na nIonaid freagrach as bainistíocht na scoileanna agus na nIonad Oideachas ó lá go lá.

Is é Acht um Boird Oideachais Agus Oiliúna, 2013 an phríomhreachtaíocht agus ní mó cloí leis i gcónaí.

Cód cleachtais um Bhoird Oideachais agus Oiliúna a Rialú

Glacadh le cód cleachtais chun BOOLUF a rialú in 2015. Tagann an cód glactha seo leis na Treoirínte leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Scoileanna ina imlitir 18/2015. Is í aidhm an Chóid cinntiú go gcuireann BOOLUF prionsabail an Rialachais mhaith agus na Bainistíochta maithe i bhfeidhm.

Is éard a chiallaíonn rialachas corparáideach ná na córas agus na gnásanna trína stiúrtar agus a rialaítear eintitis. Ní mór do chomhlachtaí stáit, lena n-áirítear BOOanna, freastal ar leas na gcáiníocóirí, luach airgid a lorg maidir lena n-iarrachtaí (bainistíocht riosca san áireamh), agus feidhmiú go trédhearcach mar eintitis phoiblí.

Tá an Bord (i.e eintiteas a bhfuil baill tofa agus cheaptha BOOLUF air) freagrach as agus cuntasach faoi BOOLUF a stiúradh agus a rialú go cuí. Chun rialachas maith a chur i bhfeidhm, ní mór don Bhord gníomhú ar son leas BOOLUF i gcónaí agus i comhréir na reachtaíochta agus bheartais an rialtais, ní mór féin leas agus leas tríú páirtithe a sheachaint, lena n-áirítear comhlachtaí ag a bhfuil siad tofa nó ainmnithe.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

Chloígh gach ball foirne a bhfuil post ainmnithe agus gach ball boird a bhfuil stiúrthóireacht ainmnithe aige/aici le ceanglais An Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001. Dheimhnigh gach duine do BOOLUF gur cuireadh ar an eolas iad maidir lena ndualgas faoi théarmaí An Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 agus gur thuig siad na dualgais sin.

Cruinnithe Boird BOOLUF

I gcomhréir le Sceideal 3, mír 2 (2) den Acht um Boird Oideachais Agus Oiliúna, 2013, thionóil BOOLUF 9 gcrúinniú in 2015. Coinníodh clár tinrimh. Glacadh le miontuairiscí gach cruinnithe agus shínigh an Cathaoirleach iad. Tá taifead ar thinreamh na mBall ag cruinnithe boird agus ar shonraí a speansas ar leathanach 65 den tuarascáil seo.

Coiste Airgeadais BOOLUF

Bhunaigh BOOLUF coiste airgeadais an 25 Bealtaine 2015. i gcomhréir le halt 45 den Acht um Boird Oideachais Agus Oiliúna, 2013.

Cuirfidh an Coiste Airgeadais tuairisc faoi bhráid an bhoird, ceithre huair ar a laghad in aghaidh na bliana, maidir le cibé an bhfuil an Phlean Seirbhíse a ghlac an Bord leis curtha i bhfeidhm ag an bPríomhfheidhmeannach agus an bhfuil sé ag feidhmiú laistigh den teorann caiteachais leagtha amach ag an Aire? Déantar é seo trí na cuntais míosúla agus trí na tuairiscí ad hoc a chuireann an Príomhfheidhmeannach faoi bhráid an Bhoird a mheas.

Tionóladh an Coiste Airgeadais 3 huair in 2015: 6 Lúnasa 2015, 10 Meán Fómhair agus 17 Samhain 2015.

Coiste Airgeadais BOOLUF - Ceaptha 25 Bealtaine 2015

Peadar Ó Scolaí (Cathaoirleach)	Seachtrach
Eamon Ó Dubhlaoidh	Inmheánach
Pascal Mac Fhíodhbhuí	Inmheánach
Mollaí Ní Bhuachalla	Inmheánach
Caroline Ní Dhuáin De Stainléigh	Inmheánach

Coiste Iniúchta BOOLUF

Bhunaigh BOOLUF Coiste Iniúchta an 25 Bealtaine 2015 i gcomhréir le halt 45 den Acht um Boird Oideachais Agus Oiliúna, 2013. Trí thuairiscí iniúchta inmheánacha, tuairiscí iniúchta reachtúla agus deimhneacháin ón bPríomhfheidhmeannach a iniúchadh agus iad a mheas, cuirfidh an Coiste Iniúchta tuairisc faoi bhráid an bhoird i gcomhréir le Téarmaí tagartha an Choiste Iniúchta. Tionólfar an Coiste Iniúchta ceithre uair in aghaidh na bliana ar a laghad.

Tionóladh an Coiste Iniúchta 3 huair in 2015: 6 Lúnasa 2015, 10 Meán Fómhair agus 15 Samhain 2015.

Coiste Iniúchta BOOLUF - Ceaptha 25 Bealtaine 2015

Oilibhéar Ma Cormac (Cathaoirleach)	Seachtrach
Máirtín Ó Broin	Seachtrach
Áine Ní Chaoimh	Seachtrach
Máire Ní Choitir - Ní Bhreacáin	Inmheánach
Seán Ó Cearúil	Inmheánach
Gearóid Lodge	Inmheánach



Beartais agus Gnásanna

Glac Baill Bhoird BOOLUF leis na Beartais agus leis na Gnásanna seo a leanas in 2015:

BEARTAS AR GLACADH LEIS	DÁTA CRUINNITHE
Beartas um Shaoire Force Majeure	23 Samhain 2015
Beartas um Shaoire Atruach agus treoirínte do Bhaill Foirne BOOLUF	23 Samhain 2015
Cód Iompair do Bhaill Foirne BOOLUF	23 Samhain 2015
Cód Iompair do Bhaill BOOLUF	23 Samhain 2015
Beartas ar Fhálteachais	28 Meán Fómhair 2015
Cairt d'Iniúchadh Inmheánach	28 Meán Fómhair 2015
Gnásanna Soláthair agus Ceannaigh	28 Meán Fómhair 2015
Beartas Frithbhulaíochta - Gnás gearáin d'Fhoireann BOO	27 Iúil 2015
Beartas Frithchiaptha/Frith-Ghnéaschiaptha - Gnás gearáin d'Fhoireann BOO	27 Iúil 2015
Beartas um Fhreastal ar Chomhdhála	22 Meitheamh 2015
Beartas um Chosaint Sonraí	22 Meitheamh 2015
Beartas um TCI	22 Meitheamh 2015
Beartas um Bhainistíú ar Shárú Sonraí	22 Meitheamh 2015
Cód cleachtais um Bhoird Oideachais agus Oiliúna a Rialú	25 Meitheamh 2015

An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Tháinig éifeacht leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014 an 25 Iúil 2014

Tá creatlach ar fáil tríd an Acht seo ar féidir le hoibrithe a mbuarthaí a nochtadh maidir le héagóir fhéideartha tugtha faoi deara san ionad oibre agus iad cinnte gur féidir leo brath ar chosaintí suntasacha agus cosaintí eile má ghearrfaidh a bhfostóirí pionós orthu nó má tharlóidh aon dochair eile dóibh de bharr an nochtadh sin.

Chuir Bord Oideachais agus Oiliúna beartas i bhfeidhm agus i gcomhpháirt leis an reachtaíocht, tabharfaidh sé spreagadh d'oibrithe éagóir fhéideartha a thuairisciú agus iad muiníneach go dtabharfar aird ar a mbuarthaí agus go ndéanfar iad a iniúchadh, nuair is iomchuí, agus go n-urramófar a rúndacht.

Is féidir le Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise & Uíbh Fhailí deimhniú nach bhfuarthas aon nochtadh cosanta i rith 2015.



MÍR 6

Riarachán



loetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí
Laois and Offaly
Education and Training Board

Struchtúr Eagrúcháin

FOIREANN BHAINISTÍOCHTA SHINSEARACHT IN 2015

Seosamh Ó Cuinneagáin	Príomhfheidhmeannach
Tony Daltún	Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna
Linda Ní Theimhneáin	Stiúrthóir na Scoileanna
Pádraig Ó Beolláin	Bainisteoir Seirbhísí oiliúna
María Ní Bhreacáin	Príomhoifigeach Cúnta - AD agus Seirbhísí Corparáideacha
Sadie Ní hEathirín	Príomhoifigeach Cúnta - Airgeadas agus Soláthair
Colin Ó Baoil	Bainisteoir TF

Oifigí Riaracháin

Feidhmíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise & Uíbh Fhailí as 2 oifig riaracháin on 2015:

OIFIG PHORTLAOISE

Bóthar an Iomaire, Port Laoise, Co. Laoise.

Teil: 057 8621352 Faics: 057 8621877

Tacaíonn na hOifigí Riaracháin i bPort Laoise agus i dTulach Mhór le h'obair na scoileanna, na n-ionaid agus lena bhfoirne. D'fheidhmigh rannóg an riaracháin de réir na gcolún a leanas in 2015.

- Airgeadas
- Acmhainní Daonna
- Soláthair
- TFE
- Seirbhísí Corparáideacha

OIFIG THULACH MHÓR

Foirgnimh an Chaisleáin, Sráid Teamhair,

An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí.

Teil: 057 9349400 Faics: 057 9351400

Tuairisc Airgeadais

Straitéis Airgeadais

Is í aidhm na feidhme Airgeadais an Bord a thacú chun a spriocanna atá leagtha amach i Litir Chinnidh na Roinne Oideachais agus Scileanna, an litir leithdháilte ó Solas agus ó fhoinsí eile a bhaint amach laistigh den bhuiséad atá leagtha amach. Cuimsíonn tacaíocht airgeadais: tacaíocht chinnteoireachta, smacht corparáideach ar airgead poiblí, próiseáil idirbheart agus cuntasacht reachtúil.

Cuntasacht Reachtúil

Baineann diancheanglais cuntasachta le BOOLUF. Ceann de na ceanglais sin ná cuntais bhliantúla a ullmhú i bhformáid leagtha amach ag an ROS agus na cuntais sin a bheith iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas is Ciste (ARCC). Tá córas smachtaithe Airgeadais i bhfeidhm chun na spriocanna seo a bhaint amach go héifeachtúil. Cloíonn BOOLUF lena cheanglas de réir na ndlíthe cánacha agus cinntíonn go n-íoctar gach dliteanas cánach faoin dáta dlite iomchuí nó roimhe, mar atá leagtha amach sa Cód Cleachtais um BOOLUF a Rialú.

CLÁR	CAITEACHAS (€'000)		
	Eanáir 2015 go Nollaig 2015		
	PÁ	NEAMH PHÁ	IOMLÁN
Scoileanna agus Ceannoifig	21,902	1,800	23,702
Príomhscéim Ghaolmhar	213	683	896
Caipiteal	54	4,364	4,418
Deontais don Tríú Leibhéal	0	250	250
Breisoideachas agus Oiliúint	4,564	2,973	7,537
Seirbhísí Óige	46	54	100
Gníomhaireachtaí/Féinmhaoinithe/Maoiniú Tríú Páirtí	447	1,436	1,883
IOMLÁN	27,226	11,560	38,786
CÉATADÁIN %	70.20%	29.80%	100%



Nótaí tráchta ar Fheidhmíocht – Gnóthachtála/Forbairtí:

1. Íoc costais faoi Scoileanna agus Ceannoifig, Príomhscéim Gaolmhar agus Oideachas agus Oiliúint ráta pá laghdaithe agus incrimintí moillithe a chur san áireamh.
2. An costas ar shonraisc na gcreidiúnaithe (tionscadail caipitil san áireamh) €8,463,534. Ba é €2,746, nó 0.03% an costas ar íocaíochtaí déanacha.
3. €4417,568 an méid a caitheadh ar thionscadail chaipitil sa tréimhse Eanáir 2015 go Nollaig 2015.
4. Tá laghdú i gcónaí ar dheontais don tríú leibhéal de bharr na deontais don tríú leibhéal agus do CIA a bheith aistrithe go SUSI.
5. Ba é €100,676 an costas ar Sheirbhísí Óige sa tréimhse Eanáir 2015 go Nollaig 2015. Bhain €40,700 den mhéid sin le deontais go Chlubanna Óige Áitiúla.
6. Ciallaíonn tionscadail Gníomhaireachtaí/Féinmhaoinithe/Maoiniú Tríú Páirtí cláir ina bhfaightear maoiniú ó fhoinsí nach foinsí ROS/Solas iad. Cuimsíonn siad a tlonad Allamuigh i mBiorra agus cuntais bhainc na Scoileanna/na nIonad.
7. Faoi 31 Nollaig 2015 bhí easnamh iomlán € 151,431 ag BOOLUF. Bhí iarmhéideanna easnamhacha ar Scoileanna agus Ceannoifig Neamhphá, SDOG, Ógtheagmháil, Tionscnamh Creat Cáilíochta, Litearthacht d'Aosaigh, TFAO, AEGIS, DTBOA, agus Litearthacht Theaghlaigh DEIS.
8. Rinneadh feabhsúcháin leanúnacha ar bhogearra ríomhaireachta ESA Manser i rith na tréimhse Eanáir 2015 go Nollaig 2015.
9. Cuirfidh BOOLUF an córas cuntaisaíochta fabhráithe (ioncaim/caiteachas agus clár comhardaithe) má éilítear agus nuair a éilítear é..

Laghdú i dTréimhsí Íocaíochta d'Idirbhearta Tráchtála:

Ag leanúint ó Chinneadh an Rialtais S 29296 an 19 Bealtaine 2009 an tréimhse íocaíochta do sholáthraithe tráchtála a laghdú go 15 lá, chinn an Rialtas an riail i leith íocaíochtaí pras a 15 lá, a bhaineann faoi láthair le Ranna Rialtais Lárnacha, a fhadú go Comhlachtaí na hEarnála Poiblí eile, Comhlachtaí faoi choimirce na ROS san áireamh. Cuireadh an tréimhse íochta laghdaithe i bhfeidhm ó 1 Iúil 2011. Féach thíos na tuairisceáin ráithiúla d'Eanáir – Nollaig 2015.

01/01/2015 - 31/03/2015	SONRAÍ	LÍON	LUACH (€)	% DE LÍON NA NÍOCAÍOCHTAÍ IOMLÁNA
	Líon na n-íocaíochtaí laistigh de 15 lá	1450	€2,107,473.08	89.36%
	Líon na n-íocaíochtaí idir 16 - 30 lá	407	€250,111.54	10.60%
	Líon na n-íocaíochtaí níos déanaí ná 30 lá.	7	€872.57	0.04%
	Líon iomlán na n-íocaíochtaí sa Ráithe	1864	€2,358,457.19	100%
	Sonraisc a bhfuil ceist fúthu*			

01/04/2015 - 30/06/2015	SONRAÍ	LÍON	LUACH (€)	% DE LÍON NA NÍOCAÍOCHTAÍ IOMLÁNA
	Líon na n-íocaíochtaí laistigh de 15 lá	1494	€1,303,651.61	76.38%
	Líon na n-íocaíochtaí idir 16 - 30 lá	442	€248,818.07	22.60%
	Líon na n-íocaíochtaí níos déanaí ná 30 lá.	20	€5,233.32	1.02%
	Líon iomlán na n-íocaíochtaí sa Ráithe	1956	€1,557,703.00	100%
	Sonraisc a bhfuil ceist fúthu*			

01/07/2015 - 30/09/2015	SONRAÍ	LÍON	LUACH (€)	% DE LÍON NA NÍOCAÍOCHTAÍ IOMLÁNA
	Líon na n-íocaíochtaí laistigh de 15 lá	907	€1,355,616.58	79.56%
	Líon na n-íocaíochtaí idir 16 - 30 lá	230	€148,958.23	20.18%
	Líon na n-íocaíochtaí níos déanaí ná 30 lá	3	€332.48	0.26%
	Líon iomlán na n-íocaíochtaí sa Ráithe	1,140	€1,504,907.29	100%
	Sonraisc a bhfuil ceist fúthu*			

01/10/2015 - 31/12/2015	SONRAÍ	LÍON	LUACH (€)	% DE LÍON NA NÍOCAÍOCHTAÍ IOMLÁNA
	Líon na n-íocaíochtaí laistigh de 15 lá	1,631	€2,578,336.15	74.44%
	Líon na n-íocaíochtaí idir 16 - 30 lá	527	€433,334.89	24.05%
	Líon na n-íocaíochtaí níos déanaí ná 30 lá.	33	€30,785.24	1.51%
	Líon iomlán na n-íocaíochtaí sa Ráithe	2,191	€3,042,456.28	100%
	Sonraisc a bhfuil ceist fúthu*			

*Sonraisc a fuarthas le linn na ráithe agus a bhfuil ceist fúthu ag deireadh na ráithe.



01/01/2015 - 31/03/2015	OC	SOLÁTHRAÍ	IOMLÁN (€)	SONRAÍ	ÍOCTHA
	5039	NIS Ltd	22,827.12	Conradh Tacaíochta	Y
		ETBI	30,731.25	Síntiús Bliantúil	Y
	5039	NIS Ltd	26,384.21	Conradh Tacaíochta	Y
	6277	VS Ware	45,391.02	Amchlárú Scoile	Y
		Kenny Lyons & Associates	45,272.94	Táillí re Ard Scoil, Chlóirthigh	Y
		Carlow IT	27,500.00	Táillí Caipitíochta	Y
		Kane & Carberry	24,600.00	Cíos	Y
		Sammon Contracting Ltd	143,560.00	Oibreacha Caipitil Coláiste Thulach Mhór	Y
		Sammon Contracting Ltd.	279,360.00	Oibreacha Caipitil Coláiste Thulach Mhór	Y
		Irish Public Bodies Ltd.	83,757.83	Árachas	Y
		Irish Public Bodies Ltd.	78,627.25	Árachas	Y
		Irish Public Bodies Ltd.	35,368.74	Árachas	Y
		Sammon Contracting Ltd.	178,965.00	Oibreacha Caipitil Coláiste Thulach Mhór	Y
		Sammon Contracting Ltd.	247,835.00	Oibreacha Caipitil Coláiste Thulach Mhór	Y
	Irish Public Bodies Ltd.	44,646.00	Árachas	Y	
	Kane & Carberry	30,675.00	Cíos	Y	
Líon iomlán na nOrduithe Ceannaigh sa Ráithe: €1,345,501.36					

Foilsíú Orduithe Ceannaigh os cionn Luach €20,000

De réir gealltanais i bPlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, ní mór aon ordú ceannaigh a eisíonn Roinn nó Gníomhaireacht Rialtais a bhfuil luach os cionn €20,000 air é a fhoilsíú ar líne faoi dheireadh 2012.

1/04/2015 - 30/06/2015	OC	SOLÁTHRAÍ	IOMLÁN (€)	SONRAÍ	ÍOCTHA
		Kane & Carberry	30,675.00	Cíos	Y
		Sammon Contracting Ltd.	130,465.00	Oibreacha Caipitil Coláiste Thulach Mhór	Y
		Sammon Contracting Ltd.	221,421.00	Oibreacha Caipitil Coláiste Thulach Mhór	Y
	Sammon Contracting Ltd.	150,835.00	Oibreacha Caipitil Coláiste Thulach Mhór	Y	
Líon iomlán na nOrduithe Ceannaigh sa Ráithe: €533,396.00					

01/07/2015 – 30/09/2015

OC	SOLÁTHRAÍ	IOMLÁN (€)	SONRAÍ	ÍOCTHA
	Kane & Carberry	30,675.00	Cíos	Y
	Deane Roofing & Cladding	56,978.41	Conraitheoir	Y
	Sammon Contracting Ireland Ltd.	203,185.90	Conraitheoir Tógála	Y
	Network & Infrastructure Support Ltd.	20,361.90	Cothabháil TF	Y
	Sammon Contracting Ireland Ltd.	280,407.60	Conraitheoir Tógála	Y
	Sammon Contracting Ltd.	276,644.00	Oibreacha Caipitil Coláiste Thulach Mhór	Y
Líon iomlán na nOrduithe Ceannaigh sa Ráithe: €868,252.81				

01/10/2015 - 31/12/2015

OC	SOLÁTHRAÍ	IOMLÁN (€)	SONRAÍ	ÍOCTHA
08450	E Learning Services	401,910.48	Táibléid Coláiste Phortlaoise	Y
10757	Laois County Council	20,000.00	Music Generation Deontas	Y
08377	Screenway Ltd.	22,061.28	iPads Ard Scoil, Chlóirthigh	Y
09237	Christian Brothers	22,500.00	Cíos	Y
	Kane & Carberry	42,693.30	Cíos	Y
	Kane & Carberry	24,600.00	Cíos	Y
	Kane & Carberry	21,346.65	Cíos	Y
	Sammon Contracting Ltd.	316,574.05	Oibreacha Caipitil Coláiste Thulach Mhór	Y
	Roankabin Ltd.	41,130.00	Oibreacha Caipitil Cóiríocht Bhreise, Oaklands Éadan Doire	Y
	Kane & Carberry	24,600.00	Cíos	Y
	Sammon Contracting Ltd.	436,626.10	Oibreacha Caipitil Coláiste Thulach Mhór	Y
	Sammon Contracting Ltd.	522,791.20	Oibreacha Caipitil Coláiste Thulach Mhór	Y
	Kane & Carberry	24,600.00	Cíos	Y
	Kane & Carberry	30,675.00	Cíos	Y
Líon iomlán na nOrduithe Ceannaigh sa Ráithe: €1,591,108.06				



loetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí
Laois and Offaly
Education and Training Board

Soláthar

Cloítear le ceanglais soláthair phoiblí. Tá BOOLUF go hiomlán eolach ar thairsí luacha reatha maidir le cur i bhfeidhm rialacha soláthair an AE agus Éireann.

Speansais Bhaill an Bhoird

Íoctar Speansais do bhaill bhoird as taisteal go cruinnithe a bhaineann leis an mBord. Seo thíosluaite na speansais comhiomlána a íocadh le gach ball i rith na tréimhse Eanáir 2015 go Feabhra 2015:

Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh

In 2015 Íocadh €98624 leis an bPríomhfheidhmeannach gan ASPC. Íocadh ASPC fostóra €9,729 chomh maith. Tá an Príomhfheidhmeannach ina bhall de scéim phinsin neamh-mhaoinithe na hearnála poiblí le sochar sainithe agus ní sáraíonn na teidlíochtaí pinsin na gnáth-theidlíochtaí atá ar fáil faoin scéim.

Caiteachas ar oiliúint don Bhord Bainistíocht

Cuireadh oiliúint ar bhaill na mBord Bainistíochta i rith 2015. Fuarthas caiteachas €444.96 ar ais in 2016.

BALL BOIRD	CRUINNITHE REACTÚLA	BOIRD AGALLAIMH	FREASTAL AR CHOMH-DHÁLACHA/SEIMINÉAIR	EILE	IOMLÁN	TINREAMH AG CRUINNITHE BOIRD
Maura De Bróithe	417	0	0	41	458	7
Mallaidh Ní Bhuachalla	552	746	150	737	2,185	9
Seán Ó Cearúil	1,025	654	0	249	1,928	8
Déaglán Mac Coisteala	396	0	192	519	1,107	6
Máire Mac Coitir-Ní Bhreacáin	649	0	0	239	888	9
Éamonn Ó Dúlaoich	702	0	111	574	1,387	5
Sinéad Ní Dhúlaoich	235	1,310	0	13	1,558	7
Caroline Ní Dhuáin-De Stainleigh	563	215	155	291	1,224	8
Caitrín Nic Gearailt	409	2,564	265	431	3,669	9
Éadbhard Mac Gearailt	465	538	183	340	1,526	7
Bébhinn Ní Chianáin	457	41	227	550	1,275	9
Seán Mac Conraoi	863	0	175	386	1,424	9
Jerry Lodge	377	141	0	24	542	7
Donnchadh Maingéir	302	121	110	533	1,066	8
Paschal Mac Fhíobhuí	670	0	0	73	743	9
Carol Ní Nualláin	286	0	0	27	313	5
Liam Ó Cuinn, Cathaoirleach	591	0	173	361	1,125	8
Prionséas Mac Gabhann	205	0	0	49	254	3
Áine Starling	0	0	0	0	0	5
Maire Nic Suibhne	400	0	423	399	1,222	8
Seosamh Mac Tomáis	335	40	0	74	449	7
IOMLÁN	9,899	6,370	2,164	5,910	24,343	



Tuairisciú Éifeachtúlachta Fuinnimh Bliantúil le Comhlachtaí Earnála Poiblí


Ní foláir de réir Ionstraim Reachtúil 542 den bhliain 2009 go dtuairiscíonn eagrais na hearnála poiblí go bliantúil i leith a n-úsáide fuinnimh agus bearta a ghlacadh chun ídiú a laghdú. Coinníonn LOETB air ag féachaint chun laghduithe um úsáid fuinnimh a fháil, agus tá sé tar éis eolas a thaisceadh i leith gach scoil, lárionad agus oifig faoi mar a theastaigh le SEAI, a thabharfaidh a gcuid torthaí níos déanaí amach sa bhliain 2017.

Féach thíos, ina dtáscar go ndearna LOETB coigilteas 14.1% faoin mbliain 2015.



ÓN MBONNLÍNE CHUIG 2015


COIGILTEAS FUINNIMH: 14.1% níos ísle
ATHRÚ UM ÍDIÚ FUINNIMH: 3.6% níos ísle



TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA FUINNIMH - 2015

2015 ENPI = 151 $\frac{\text{kWh}}{\text{Floor Area m}^2}$ SPRIOC ENPI = 117 $\frac{\text{kWh}}{\text{Floor Area m}^2}$

IARBHÍR SRUTHCHONAIR SPRICE



**LEIBHÉAL
2 TASCARÍ
FEIDHMÍOCHTA
FUINNIMH**



2.1% níos fearr ná 2014
14.1% níos fearr ná bonnlíne
28.2% d'fheabhsú ag teastáil faoin mbliain 2020
4.8% níos measa ná an tSruthchonair sprice

LEICTREACHAS = 86 $\frac{\text{kWh}}{\text{Floor Area m}^2}$

4.7% níos measa ná 2014

TEIRMEACH = 0 $\frac{\text{kWh}}{\text{No Consumption}}$

0.0% níos measa ná 2014

IOMPAR = 0 $\frac{\text{kWh}}{\text{No Consumption}}$

0.0% níos measa ná 2014




ÍDIÚ FUINNIMH (TPER) - 2015

ÍDIÚ FUINNIMH 2015 = 6,124,273 kWh


Ídiú Fuinnimh
ón mBonnlíne (TPER)

IOMPAR TEIRMEACH
LEICTREACH



Ídiú Fuinnimh - 2015 (TPER)

LEICTREACHAS OLAÍ TÉIMH
GÁS EILE (0.8%)




2.1% níos fearr ná 2014
3.6% níos fearr ná bonnlíne
132,800 kWh níos fearr ná 2014
228,790 níos fearr ná bonnlíne



D'FHEIDHMÍOCHT

D'FHEIDHMÍOCHT I GCOMPARÁID LE GACH COMHLACHT POIBLÍ
Do EnPI normalaithe: 85.918



IS FEARR

IS MEASA



Is mó faoi 0.1% ná an meán do choigilteas (0.1%)
An 673ú feidhmíocht is fearr (as 1790)
Os cionn an 38ú peircintíl

D'FHEIDHMÍOCHT I MEASC AN OIDEACHAIS: IAR-BHUNSCOIL
Do EnPI normalaithe: 85.918



IS FEARR

IS MEASA

Is mó do choigilteas ná 0.1% ná an meán (0.1%)
7ú feidhmíocht is fearr (as 15)
Os cionn an 43ú peircintíl
Savings since baseline: 14.1%



DO CHOIGILTEAS I GCOMPARÁID LE GACH COMHLACHT POIBLÍ



Is mó faoi 7.2% ná an coigilteas é do choigilteas (7.2%)
673ú feidhmíocht is fearr (as 1790)
Os cionn an 38ú peircintíl ó thaobh feidhmíochta de

DO CHOIGILTEAS I MEASC AN OIDEACHAIS: IAR-BHUNSCOIL



Is mó faoi 6.2% do choigilteas ná an meán (7.9%)
An 6ú feidhmíocht is fearr (as 14)
Os cionn an 39ú peircintíl ó thaobh feidhmíochta de
Coigilteas ó Anuraidh: 2.1%

DO CHOIGILTEAS I GCOMPARÁID LE GACH COMHLACHT POIBLÍ



Is lú faoi -1.4% do choigilteas ná an meán (3.5%)
An 1038ú feidhmíocht is fearr (as 1790)
Os cionn an 58ú peircintíl ó thaobh feidhmíochta de

DO CHOIGILTEAS I MEASC AN OIDEACHAIS: IAR-BHUNSCOIL




Is lú faoi -5.6% do choigilteas ná an meán (7.7%)
An 10ú feidhmíocht is fearr (as 14)
Os cionn an 68ú peircintíl ó thaobh feidhmíochta de



FUINNEAMH IN-ATHNUAITE 2015

— IN-ATHNUAITE — ION-TAISÍ — LEICTREACHAS EANGAÍ





2015 PRÍOMH-RIACHTANAS IOMLÁN FUINNIMH (TPER)

LEICTREACHAS EANGAÍ = 3,484,571 kWh ION-TAISÍ = 2,637,760 kWh IN-ATHNUAITE = 1,942 kWh

ATHRÚ UM ÍDIÚ FUINNIMH

Is mó faoi 4.7% an Leictreachas Eangaí ná 2014
Is lú ion-taisí faoi 9.9% ná an bhliain 2014
Is mór faoi 5.6% in-athnuaite ná 2014

SCIAR DEN ÍDIÚ FUINNIMH

Is ionann an sciar den Leictreachas Eangaí ná 56.9%
Is ionann sciar ion-taisí agus 43.1%
Is ionann an sciar in-athnuaite agus 0.0%

2015 RIACHTANAS IOMLÁN FUINNIMH THEIRMEACH (TPER)

ION-TAISÍ = 2,585,867 kWh IN-ATHNUAITE = 0 kWh

ATHRÚ UM ÍDIÚ FUINNIMH

Is lú ion-taisí faoi 10.2% ná an bhliain 2014
Is mó faoi 0.0% in-athnuaite ná 2014

SCIAR DEN ÍDIÚ FUINNIMH

Is ionann sciar na n-ion-taisí agus 100%
Is ionann an sciar in-athnuaite agus 0.0%

2015 RIACHTANAS IOMLÁN FUINNIMH IOMPAIR (TPER)

ION-TAISÍ = 0 kWh IN-ATHNUAITE = 1,942 kWh

ATHRÚ UM ÍDIÚ FUINNIMH

Is lú ná 0.0% na hion-taisí ná 2014
Is mó faoi 5.6% in-athnuaite ná 2014

SCIAR DEN ÍDIÚ FUINNIMH

Is ionann sciar na n-ion-taisí agus 0.0%
Is ionann an sciar in-athnuaite agus 100.0%




ASTUITHE CO₂ - 2015

ASTUITHE CO₂ 2015 = 1,427,273,868 kgCO₂


Astuithe CO₂ ón mBonnlíne

IOMPAR TEIRMEACH
LEICTREACHAS



Astuithe CO₂ - 2015

LEICTREACHAS TÉAMH
GÁS IOMPAR




0.7% níos lú ná 2014
6.0% níos lú ná an bhonnlíne
9,803 kgCO₂ níos lú ná 2014
90,421 kgCO₂ níos lú ná an bhonnlíne



COIGILTEAS FUINNIMH BHLIANTÚIL Ó THIONSCADAIL TUAIRISCITHE

PLEANÁILTE

CURTHA I BHFEIDHM



BLIAIN	Coigilteas Bhlíantúil ó Thionscadail Forfheidhmithe (kWh TPER)	Coigilteas Bhlíantúil ó Thionscadail Pleanáilte (kWh TPER)	Coigilteas Bhlíantúil ó Thionscadail - Forfheidhmithe & Pleanáilte (kWh TPER)
2009	5,009	0	5,009
2010	16,005	0	16,005
2011	26,104	0	26,104
2012	25,696	0	25,696
2013	25,287	0	25,287
2014	27,648	0	27,648
2015	25,023	0	25,023
2016	25,665	0	25,665
2017	25,665	0	25,665
2018	24,543	0	24,543
2019	23,219	0	23,219
2020	21,896	0	21,896

Tuairisc ar Acmhainní Daonna

Réamhrá

Thug Roinn na nAcmhainní Daonna BOOLUF tacaíocht do bhreis is 900 ball foirne in 2015. Tá Roinne na nAcmhainní Daonna freagrach as:

- Pleanáil d'Acmhainní Daonna
- Beartais agus Gnásanna Pearsanra
- Earcaíocht, Roghnúchán agus Ceapachán gach ball foirne
- Conarthaí Fostaíochta
- Poist Freagrachta
- Seirbhís Chúnamh d'Fhostaithe
- Saoire Bhliantúil
- Saoire Bhreiteachta
- Saoire Speisialta, Force Majeure agus Saoire Atruach san áireamh
- FGL agus Oiliúint
- Leithdháileadh agus Úsáid Múinteoirí
- Aoisliúntas agus Pinsean, Tuairisceán Pinsin
- Ceisteanna CT

Gnásanna Casaoide agus Cúrsaí Dlíthiúla

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána – Foireann, Mic Léinn IAT/Oiliúnaí, Deonaigh agus Baill Foirne ar Thraithí Oibre

Earcaíocht agus Roghnúchán

Fógraítear folúntais ar shuíomh gréasáin BOOLUF www.loetb.ie. Fógraítear poist mhúinteoireachta ar Education Posts www.education.ie. Ní mór d'aon iarratasóir atá molta chun a bheith ceaptha do phost mhúinteoireachta le BOOLUF a bheith cláraithe de réir Alt 30 & 31 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 agus ní mór dóibh na cáilíochtaí atá oiriúnacht chun críche an phoist mhúinteoireachta arna moltar iad a cheapadh a bheith acu. Tá ceapacháin nua coinníollach ar ghnásanna Grinnfhiosraithe an Gharda Síochána agus ar cheistneoir míochaine réamhfhostaíochta (PEMQ1) atá faoi stiúir Medmark Occupational Health. Rinneadh 108 ceapachán ar an iomlán idir 1 Eanáir 2015 agus 31 Nollaig 2015.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Rinneadh 852 Iarratas ar Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar an iomlán a phróiseáil i rith 2015.

Scor

Chuaigh 13 duine ar scor i rith 2015.

FGL agus Oiliúint

Tá BOO Laoise & Uíbh Fháilí tiomanta do thacaíocht leanúnach um fhorbairt ghairmiúil agus spreagann sé baill foirne leas a bhaint as chláir forbartha gairmiúla a thagann le riachtanais an duine aonair, a Scoil/Ionad agus BOOLUF. Déanann an Rannóg AD gach iarratas ar chláir inseirbhíse agus oiliúna a phróiseáil.



D'fhreastal ball foirne ar oiliúint i rith 2015, seo a leanas samplaí de na cúrsaí oiliúna a rinneadh:

- Bunchúrsa ar conas Daltaí a bhfuil Deacrachtaí Teanga agus Cumarsáide acu a Mhúineadh. (STOS)
- Ealaín, Cuimhne, Áit - A dhíríonn ar Fhorbairtí san Ealaíon Chomhaimseartha
- Assist: Idirghabháil ar Fhéinmharú
- Clár Malairte Ostarach
- Cúrsa Uathachais
- Clár Uathachais
- Oiliúint BKSB
- CEOC Eachtra Náisiúnta Líonraithe
- FGL - Teicneolaíocht Faisnéise
- FGL - Sraith Shóisearach do Mhúinteoirí
- FGL do Chúrsa nua ar Fhorbairt Bogearraí
- FGL - Creatlach don Teastas Sóisearach
- Ceardlann ar Chumadh CV agus ar Scileanna
- Oiliúint ar "Dhroichead"
- Rang Teagaisc "Elvery's" go Ghrúpa
- Mic Léinn a Ghríosadh, a Fhorbairt agus a Ullmhú d'Aistrithe
- Oiliúint ar Bhunachar FARR
- Comhdháil ar Shaoráil Faisnéise
- Clár "Cairde Saoil"
- Oiliúint Meantóra Tosaigh
- Inseirbhís - Pleanáil Scoile
- Inseirbhís - Néalriomhaireacht
- Inseirbhís - FGL Tástáil Shiciméadrach
- Inseirbhís - Oiliúint ar Chosaint Sonraí
- Inseirbhís - Mínamhadóireacht
- Inseirbhís - Mind Out - Sláinte Intinne a chur chun cinn & Féinmharú a chosc
- Inseirbhís - Uimhreach i gcomhthéacs DEIS
- Inseirbhís - Tionscadal Mata
- Inseirbhís - Measúnú QQI
- Inseirbhís - Ról an Chinn Bhliana
- Inseirbhís - Stand Up - Belong To
- Inseirbhís - T4 Ceardlanna do mhúinteoirí ábhair a úsáideann Solid works
- Inseirbhís - Vsware Amchláir Scoile
- Inseirbhís - Wriggle FGL don IPAD
- Inseirbhís - CDG
- Inseirbhís - Disléicse
- Inseirbhís - Codáil Scratch agus Ríomhchlárú
- Inseirbhís - Cúrsa OSPS
- Bunchúrsa ar Aireachas
- Folláine an Fhoghlaimeora
- Folláine an Fhoghlaimeora i dTimpeallacht an BO
- Tionscnamh Idirghabhála Coimhlinte do Thaistealaithe Lár na Tíre
- Cleachtas ar Aireachas
- Inseirbhís Ceimice SFGM
- Pleanáil d'Uimhreach
- Féiniúlacht Ghairmiúil - Oiliúint
- Cuir i Láthair don Mhódúl ar Éifeachtúileacht Phearsanta a thaifeadadh
- Cúrsa Pleanála don ScorRetirement Planning Course
- Risk Assessment
- Ról an Chinn Bhliana
- Seimineár ar Fhéinmheastóireacht Scoile
- Oiliúint SEBT - Oiliúint ar Theiripe Dírithe ar Ghearr-Réiteach
- OSPS Cúrsa FGL
- OSPS Féinghortú
- Airdeall ar Fhéinmharú
- An Chuid Mhaoirseoireachta de FGL
- Maoirseoireacht - Cúrsa FGL
- Teicneolaíocht Taibléid agus Ceardlann Disléicse
- Clár Uathachas a Mhúineadh (STOS)
- Rang Neartaithe na Foirniúlachta
- Amchláru
- Mná san Fheirmeoireacht
- Lámhleabhar Foirne a scríobh, Writing a Staff Handbook, Conradh a scríobh, Earcaíocht Foirne.

Ionduchtú

Bhí láionductaithe ag BOOLUF do bhaill foirne nua an 2 Deireadh Fómhair 2015. Tharla an t-ionductú sna Oifigí Riaracháin i bhFoirgnimh an Chaisleáin, Tulach Mhór.

Saoire

Tá BOO Laoise & Uíbh Fhailí tiomanta do chothromaíocht oibre is saoil a fheabhsú agus riachtanais ár mac léinn agus ár gcustaiméirí san áireamh ag an am céanna. I measc na n-iarratas ar shaoire a rinneadh leis an Roinn AD i rith 2015 bhí: Sosanna Gairme, Postroinnt agus Saoire Atruach, Saoir Atharthachta, Saoire Phósta, Saoire Mháithreachais, Saoire Bhreiteachta, Saoire Bhliantúil, Saoire Atruach, Saoire Force majeure.

Tá córas fleisc-ama i bhfeidhm ag BOOLUF dá bhFoireann Riaracháin.

TUARASCÁIL BHLIANTIÚIL 2015



loetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uibh Fháiil
*Laois and Offaly
Education and Training Board*



Cliath Chisti Struchtúracha agus
Innealtóireachta AE na hÉireann
2014-2020
Co-Fináisiúil ag Taisce na hÉireann
agus ag an Aontas Eorpach



Ireland's EU Structural and
Investment Funds Programmes
2014-2020
Co-Funded by the Irish Government
and the European Union



Aontas Eorpach
Ag infheistiú i do dhán
Ciste Sóisialta na hEorpa



European Union
Investing in your future
European Social Fund



A N EOLAIS
OIDEACHAIS
AGUS SCILEANNNA
Department of
EDUCATION
AND SKILLS

www.loetb.ie